

Dréachtphlean Forbartha Contae Loch Garman

2021-2027

Imleabhar 9 Straitéis Tithíochta

Meán Fómhair 2020

Clár Ábhar

1	Réamheolas.....	5
1.1	Léargas Ginearálta.....	5
1.2	Measúnú Éilimh ar Riachtanas Tithíochta (MÉRT)	6
1.3	Modheolaíocht	9
2	Tírdhreach Straitéiseach, Reachtach agus Beartais	13
2.1	Reachtaíocht agus Beartas Náisiúnta.....	13
2.1.1	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).....	13
2.1.2	Na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3), 2018	14
2.1.3	Atógáil Éireann – Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, 2016	14
2.1.4	An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016.....	14
2.1.5	An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015.....	15
2.1.6	Acht na dTithe (Forálacha Ilgħnēitheach), 2009	15
2.1.7	Tionscadal Éireann 2040 – Creat Pleanála Náisiúnta	16
2.1.8	Treochlár Feidhmithe don Chreat Pleanála Náisiúnta	16
2.1.9	Tionscadal Éireann 2040 – Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027	17
2.1.10	Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua – Treoirlínte d'Údarás Phleanála (2018).....	17
2.1.11	An Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid 2018-2021.....	18
2.1.12	Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020: Tacaíocht, Soláthar agus Athchóiriú	19
2.1.13	Foirgníocht 2020: Straitéis maidir le hAthnuachan ar Earnáil na Foirgníochta	19
2.1.14	An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016	20
2.1.15	Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Aosú (2018)	20
2.1.16	Meamram maidir le Clár Údarás Áitiúil don Lucht Siúil a Ullmhú, a Ghlacadh agus a Chur i bhFeidhm, 2009	20
2.2	Beartas Réigiúnach.....	21
2.2.1	Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt.....	21
2.3	Beartas Áitiúil	22
2.3.1	Plean Forbartha Contae Loch Garman 2021-2027	22
2.3.2	Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Loch Garman 2016-2021	22
2.3.3	Straitéis Aoisbhá Chontae Loch Garman 2017-2021	23
2.3.4	Clár Chomhairle Chontae Loch Garman um Chóiríocht do Thaistealaithe 2019-2024	24
3	Comhthéacs Reatha	25
3.1	Réamheolas.....	25
3.2	Próifil Reatha Déimeagrafaíochta agus Shocheacnamaíoch	25

3.3. Ioncaim Indiúscartha Reatha.....	36
3.4 Próifil Tithíochta Reatha.....	37
3.4.1 Soláthar Tithíochta agus Tithe Folmha	37
3.4.2 Comhdhéanamh Teaghlaigh	39
3.4.3 Tionacht Teaghlaigh	42
3.4.4 Soláthar Tithíochta Sóisialta	47
4 Tithíocht Amach Anseo: Riachtanas agus Soláthar Tithíochta Réamh-mheasta	51
4.1 Réamhrá	51
4.2 Príomhionchuir: Measúnú Inacmhainneachta agus MÉRT	52
4.2.1 Daonra Amach Anseo.....	52
4.2.2 Teaghlaigh Amach Anseo	53
4.2.3 Anailís loncaim	55
4.2.4 Ionchas Eacnamaíochta	58
4.2.5 Anailís Úinéireachta	63
4.2.6 Anailís Chíosa	66
4.3 Measúnú Inacmhainneachta a Úsáideann Samhail Lú	71
4.3.1 Inacmhainneacht Tithíochta	71
4.3.2 Áireamh na Riachtanas Tithíochta Sóisialta (agus Inacmhainne) Réamh-mheasta	72
4.3.3 Achoimre ar Riachtanais Shóisialta (agus Inacmhainne) Réamh-mheasta	73
4.4 Gnéithe den MÉRT	74
4.4.1 Rialacha an Bhainc Ceannais.....	74
4.4.2 Cíos Príobháideach.....	76
4.4.3 Comhdhéanamh Teaghlaigh	80
4.4.4 Tionacht Teaghlaigh	91
4.4.5 Cineál Áite Cónaithe.....	102
4.4.6 Teaghais Aonair Tuaithe	105
4.4.7 Soláthar Speisialaithe.....	109
5 Anailís ar Riachtanais Tithíochta i Loch Garman	114
5.1 Réamhrá	114
5.2 Riachtanais Reatha	114
5.2.1 Measúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta	114
5.2.2 Éileamh ar Thithíocht Shóisialta a Shásamh	121
5.2.3 Modhanna agus Spriocanna Soláthair	128
5.3 Riachtanais Amach Anseo	133

6	Conclúid	145
---	----------------	-----

Aguisíní

Aguisín 1 Réamh-mheastachán Daonra

Aguisín 2 Meastacháin Teaghlaigh

Aguisín 3 Sonraí Margaidh Stairiúla maidir le Praghsanna Tí

Aguisín 4 Bandaí Praghais Tí Amach Anseo

Aguisín 5 Sonraí Stairiúla maidir leis an Margadh Cíosa

Aguisín 6 Analís ar Inacmhainneacht Tithíochta

Aguisín 7 Analís ar Cháiliú Morgáiste

Aguisín 8 Analís ar Inacmhainneacht Chíosa

1 Réamheolas

1.1 Léargas Ginearálta

D'ullmhaigh Future Analytics Consulting an Straitéis Tithíochta seo thar ceann Chomhairle Contae Loch Garman chun na ceanglais reachtúla faoi Alt 94 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) a chomhlíonadh. Is é cuspóir na Straitéise Tithíochta a chinntiú go go ndéantar soláthar do riachtanais tithíochta an daonra reatha agus amach anseo i gContae Loch Garman trí phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an chontae.

Déanann an Straitéis Tithíochta eolas do bheartais agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae agus tá ról an-tábhachtach aici ó thaobh beartais áitiúla a dhéanamh de bheartais náisiúnta tithíochta.

Ullmhaíodh an Straitéis Tithíochta tráth a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar an gcur chuige modheolaíochta a bhíodh mar bhonn agus mar thaca ag na straitéisí sin go traidisiúnta agus a bhfuil próiseas agus modheolaíocht nua á gcur ar bun. Déantar foráil don mhodheolaíocht nua sin, a dtugtar an Measúnú Éilimh ar Riachtanas Tithíochta (MÉRT) air, leis an gCreat Pleanála Náisiúnta. Déantar cur síos mionsonraithe ar sin i Mír 1.2. Tráth na scríofa, níl treoir maidir le riachtanais an MÉRT a bhfuiltear ag súil leis foilsithe go foirmiúil ag an Roinn Tithíochta, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ).

Mar sin, thug Comhairle Contae Loch Garman faoi dhá chur chuige modheolaíochta: (a) socraíodh riachtanais tithíochta sóisialta inacmhainne bunaithe ar na treoirlínte atá ann, ar a dtugtar 'Samhail Lú'¹ agus (b) rinneadh áirimh maidir le hinacmhainneacht cheannaigh agus chíos ach cur chuige MÉRT a úsáid. Ar mhaithe le soiléire, aithnítear na gnéithe a bhaineann le 'Samhail Lú' agus na comhpháirteanna a bhaineann leis an MÉRT i Mír 4.3 agus leagtar amach na comhpháirteanna sa chur chuige MÉRT i Mír 4.4.

¹ An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil (2000). Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, Soláthar Tithíochta: Straitéis Shamplach Tithíochta agus Treoir Céim ar Chéim

Eascaíonn an MÉRT as an CNP a éilíonn go bhforbraíonn gach údarás áitiúil MÉRT. Ní mór go mbeidh an MÉRT mar bhonn agus mar thaca ag ullmhúchán na straitéisí tithíochta agus na dtorthaí beartais tithíochta lena mbaineann, agus ní mór go dtacóidh an MÉRT leis sin. Ach, mar a dhéantar achoimre air i Mír 1.2 agus Mír 1.3, d'fhorbair Future Analytics Consulting modheolaíocht agus bonn fianaise láidir thar ceann Chomhairle Contae Loch Garman chun eolas a dhéanamh do chinnteoireacht amach anseo maidir leis an soláthar tithíochta atá ann agus a bheidh ann agus maidir le hinfheistíocht i mbonneagar agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht i gContae Loch Garman i gcomhréir le riachtanais an MÉRT mar a leagtar amach sa CNP.

1.2 Measúnú Élimh ar Riachtanas Tithíochta (MÉRT)

Glacadh le cur chuige modheolaíochta atá fianaisebhunaithe agus seasmhach i leith na todhchaí chun a chinntíú go gcomhlíonann an Straitéis Tithíochta riachtanais tithíochta an chontae agus lucht cónaithe an chontae, fad a chloítear le treoirlínte áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Go sonrach, tugann an CNP le fios gurb é cuspóir na huirlise MÉRT:


- Tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla léargas straitéiseach fadtéarmach ar riachtanais tithíochta thar gach tionacht.
- Bonn fianaise láidir a chur ar fáil chun tacú le cinntí maidir le soláthar tithíochta nua, infheistíocht ghinearálta agus seirbhísí a bhaineann le tithíocht a dhéanann eolas don phróifíl fhoriomlán náisiúnta maidir le tithíocht.
- Eolas a dhéanamh do bheartais a bhaineann le sciar na tithíochta sóisialta inacmhainne atá ag teastáil, an gá le cineálacha agus méideanna tithe éagsúla san áireamh.
- Fianaise a chur ar fáil chun eolas a dhéanamh do bheartais a bhaineann le saintithíocht agus sainseirbhísí a bhaineann le tithíocht.

Cuimsíonn an MÉRT sonraí socheacnamaíocha agus déimeagrafacha maidir leis an éileamh agus soláthar reatha i gContae Loch Garman agus tuarann sé riachtanas amach anseo thar shaolré an

Phlean Forbartha². Mar sin, léiríonn an anailís a rinneadh agus a ndéantar cur síos uirthi anseo tionachtaí éagsúla, lena n-áirítear áitíocht úinéara, an earnáil cíosa agus tithíocht shóisialta. Tuarann an anailís riachtanais tithíochta amach anseo bunaithe ar bhóinn tuisceana fianaisebhunaithe a bhaineann le fás fostáiochta, leibhéal ioncaim agus inacmhainneacht sa mhargadh tithíochta².

Tugann an CNP faoi deara go ndeartar MÉRTanna chun réamh-mheastacháin fhadtéarmacha leithne a dhéanamh ar riachtanas tithíochta a fhéadfaidh a bheith ann seachas réamh-mheastacháin chruinne a chur ar fáil. Anuas air sin, beifear ábalta nuashonrú, monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh má tácreat loighciúil seicheamhach ann. Tá dhá phríomhchéim ag an MÉRT a rinneadh mar chuid den Phlean Forbartha seo – ionchas reatha agus ionchas amach anseo; agus déantar measúnú ar thrí phríomhréimse: Daonra, Tithíocht agus Geilleagar, mar a leagtar amach i Léaráid 1.1. Tá cur síos níos mionsonraithe faoi na céimeanna ina dhiaidh sin ar fáil i Mír 1.3.

² Cé nach léiríonn na sonraí a úsáidtear ach pointe ama amháin, ar ndóigh, cuirtear anailís staitistiúil agus boinn tuisceana réasúnta i bhfeidhm de réir deachleachtais agus luitear iad go soiléir i rith na straitéise.



Léaráid 1.1: Réimsí an Mheasúnaithe MÉRT (Foinse: Future Analytics Consulting)


Cuireann an cur chuige modheolaíochta measúnú láidir ar fáil ar na tionchair réigiúnacha agus áitiúla ar an earnáil tithíochta, cosúil le daonra, imirce, ioncam teaghlaigh agus fórsaí an mhargaidh cosúil le héileamh agus soláthar, d'fhoinn riachtanais agus éilimh a thomhas. Mar sin, is iad na príomhionchuir fianaise:

- Treochaí déimeagrafacha, treochaí inacmhainneachta agus treochaí eacnamaíocha níos leithne – Tá réamhaisnéis gheilleagrach nó obair eacnaiméadrach mar bhonn agus mar thaca ag an mír seo. I measc na sonrái atá ag teastáil, tá comhdhéanamh/réamh-mheastachán teaghlaigh, praghsanna tí, cíosanna, líon na gceannaitheoirí céaduaire agus rátaí morgáiste idir iasachta agus luach, gníomhaíocht gheilleagrach agus rátaí fostáiochta srl.

- Próifíl an tSoláthair Tithíochta agus Brúnna Éilimh (agus riachtanas reatha) agus ceisteanna bainistíochta – Is é atá i gceist leis sin próifíl mhionsonraithe ar an soláthar tithíochta áitiúil agus brúnna soláthair, lena n-áirítear tithíocht údarás áitiúil, a chur le chéile chun na príomhbhrúnna a bhaineann le soláthar agus éileamh, soláthar neamhfeachtach agus bail ghinearálta a aithint, chomh maith leis na tosaíochtaí do bhainistíocht soláthair amach anseo. Tá eolas ag teastáil maidir le méid na háite cónaithe, cineál áite cónaithe, bail na háite cónaithe agus brúnna soláthair (áitíocht/gann-áitíocht, athnuachan soláthair, srl.)
- Riachtanas agus Éileamh Tithíochta Amach Anseo a Réamh-mheas – Déantar é sin a bhriseadh síos mar seo a leanas: áitíocht úinéara, cíos an mhargaidh san earnáil phríobháideach agus³ cíos shóisialta.

1.3 Modheolaíocht

Leagtar amach sa Mhír seo na céimeanna a dhéantar i ndiaidh a chéile chun an tsamhail MÉRT, a aithníodh sa CNP, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Thug Future Analytics Consulting faoi chomhpháirteanna den samhaltú thar ceann Chomhairle Contae Loch Garman, mar a léirítear i Léaráid 1.2. Tugadh tacaíocht dó sin ag anailís bonnlíne ar chúrsaí mar atá, a bhfuil léiriú air sin i Mír 3 agus Mír 5.2. Tá tuilleadh eolais maidir leis na leibhéal spásúlachta éagsúla a ndearnadh anailís orthu le linn an tsamhalaíthe ar fáil i Mír 4.



Léaráid 1.2: Léargas ar an Samhaltú MÉRT

³ Déanann sé sin tagairt do chíos sa mhargadh príobháideach – is é sin tionóntachtaí príobháideacha atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha i gcomhréir le forálacha na reachtaíochta ábhartha.

Déanann an chéad comhpháirt den samhaltú scrúdú ar réamh-mheastacháin éagsúla daonra do Chontae Loch Garman go dtí deireadh thréimhse an phlean. Rinneadh an daonra amach anseo i gContae Loch Garman a réamh-mheas trí na spriocanna a leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP) go dtí 2040 a idirshuíomh. Rinneadh cur síos mionsonraithe ar an gcur chuige sin i Mír 3.7 i gCaibidil 3 den Chroístraitéis agus tá an t-eolas ábhartha ar fáil anseo i Mír 4.2.

Baineann an dara comhpháirt le measúnú ar inacmhainneacht tithíochta⁴. Tacaíonn an measúnú sin le riachtanais tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) do Chontae Loch Garman le linn thréimhse an phlean a aithint, de réir na gcéimeanna atá leagtha amach i dTábla 1.1 agus tá an t-eolas ábhartha ar fáil i Mír 4.3 (Samhail Lú).

Ina dhiaidh sin, déantar scrúdú ar inacmhainneacht ar aon dul leis na critéir iasachta reatha, is é sin rialacha an Bhainc Ceannais. Tugadh faoi anailís ar ar inacmhainneacht chíosa maidir le riachtanais shonracha na dteaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo i Mír 4.4.1 agus 4.2.2 faoi seach. Pléann an anailís sin i Míreanna 4.4.3-4.4.7 freisin le fórsaí margaidh reatha, comhdhéanamh, tionacht, cineál áite cónaithe, chomh maith le háiteanna cónaithe aonair faoin tuath agus sainsoláthar. Tá an t-eolas seo ar fáil i Mír 4.4. Meastar go bhfuil an measúnú a ndéantar tagairt dó i Mír 4.4 ag teacht níos dlúithe leis an MÉRT atá beartaithe sa CNP. Meastar go gcuirfidh cur chuige MÉRT leis an gcur chuige atá i Mír 4.3 (is é sin Samhail Lú) nuair a bheidh na treoirlínte ón RTPRÁ ar fáil.

Déanann Mír 5 achoimre ar thorthaí na hanailíse agus leagtar amach i Mír 6 na cuspóirí beartais le haghaidh an Straitéis Tithíochta seo a sholáthar.

⁴ Ba cheart tabhairt faoi deara, ceal treoir fhoirmiúil ón RTPRÁ, go ndearna Comhairle Contae Loch Garman an measúnú seo bunaithe ar Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, "Soláthar Tithíochta: Straitéis Shamplach Tithíochta agus Treoir Céim ar Chéim ón mbliain 2000.

Tábla 1.1: Cur Chuige i leith an Mheasúnaithe Inacmhainneachta a Úsáideann Samhail Lú

Céim	Cuspóir	Modh
1	Réamh-mheastachán Daonra Bliantúil a Oibriú Amach	Daonra bliantúil a shocrú le linn thréimhse an phlean bunaithe ar chás daonra comhaontaithe nó sprioc daonra seanhunaithe ó Chomhairle Contae Loch Garman (an ceann deiridh sa chás seo).
2	Teaghlaigh Breise a Oibriú Amach	Méadú na dteaghlaich don daonra réamh-mheasta nó beartaithe le linn thréimhse an phlean a shocrú (bunaithe ar mheánmhéid teaghlaigh sa chás seo).
3	Dáileadh Réamh- mheasta Ioncaim Indiúscartha na dTeaghlaich a Áireamh	Dáileadh réamh-mheasta ioncaim indiúscartha na dteaghlaich do na deicílí seanhunaithe (ón bPríomh-Oifig Staidrimh) a áireamh bunaithe ar na hioncaim indiúscartha sheachtainiúla agus bhliantúlaithe ar an leibhéal náisiúnta agus coigearaithe do Chontae Loch Garman bunaithe ar ráta "boilscithe" nó "díbhoilscithe".
4	Meándáileadh Ioncam Indiúscartha na dTeaghlaich a Áireamh	Dáileadh réamh-mheasta ioncaim (bhliantúla agus mhíosúla) indiúscartha na dteaghlaich in aghaidh deicíle le linn thréimhse an phlean a áireamh bunaithe ar an gcéim roimhe sin agus ar ráta fáis OTI tuartha a chur i bhfeidhm.
5	Dáileadh Teaghlaich a bhFuitlear ag Súil Leo agus Ioncaim a Shocrú	Dáileadh réamh-mheasta ioncaim na n-aonad teaghlaigh do gach deicíl le linn thréimhse an phlean a áireamh. Léiríonn sé sin lón tuartha na dteaghlaich breise a bhfuitlear ag súil leo gach bliain le linn thréimhse an phlean, chomh maith le dáileadh na n-aonad tithíochta sa Stát ón Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh (de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh).

6	Bandaí Praghais Tí Réamh-mheasta a Áireamh	Bandaí praghais tí réamh-mheasta a áireamh bunaithe ar roinnt chéatadáin na n-ocht mbanda praghais seánbhunaithe (ag an RTPRÁ) agus ar mhéadú nó laghdú réamh-mheasta ar phraghsanna bliantúla.
7	An Fhoirmle Bhlianachta a Chur i bhFeidhm	Praghas tí inacmhainne garbh in aghaidh deicíle agus in aghaidh bliana a áireamh bunaithe ar an "bhFoirmle Bhlianachta" a chur i bhfeidhm. Tá sé sin bunaithe ar na nithe seo a leanas a oibriú amach: "Tairseach Inacmhainneachta", "Cóimheas idir lasacht is Luach", "Ráta Céatadánach Bliantúil (APR) - Ráta Úis", "Ráta Céatadánach Míosúil (MPR) - Ráta Úis" agus "Téarma lasachta (Blianta/Míonna)".
8	Inacmhainneacht Tithíochta a Áireamh	Bunaithe ar an "bhFoirmle Blianachta" a chur i bhfeidhm, inacmhainneacht tithíochta a áireamh do gach ceann de na 10 ndeicíl teaghlaigh.
9	Riachtanas Tithíochta Sóisialta (agus Inacmhainne) Réamh-mheasta a Áireamh	Bunaithe ar shocrú na dteaghlaich breise atá ag teastáil, na mbandaí praghais tí réamh-mheasta agus na hinacmhainneachta tithíochta, líon na dteaghlaich nach gcomhlíonann na "Critéir Inacmhainneachta" a áireamh.
10	Achoimre ar Riachtanais	Déanann na céimeanna thusa eolas do sholáthar riachtanach na n-aonad tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) i gContae Loch Garman.

2 Tírdhreach Straitéiseach, Reachtach agus Beartais

2.1 Reachtaíocht agus Beartas Náisiúnta

2.1.1 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Faoi Chuid II den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), éilítéar ar údaráis áitiúla a chinntiú go mbíonn a bPleananna Forbartha ag teacht le beartais straitéiseacha ardleibhéil. Mar sin, caithfidh Pleananna Forbartha Croístraitéis a chur san áireamh a léiríonn comhsheasmhacht le cuspóirí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha, mar a leagtar amach sa CNP agus SRSE.

Éilítéar ar údaráis áitiúla freisin Straitéis Tithíochta a ullmhú agus a chur san áireamh ina bPlean Forbartha, arb é a chuspóir a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais tithíochta an daonra atá ann agus a bheidh ann. Maítéar in Alt 94 den Acht:

"Cuirfidh gach údarás pleanála san áireamh, in aon phlean forbartha a dhéanfaidh sé,... straitéis chun a chinntiú go ndéanfar socrú le pleanáil chuí agus forbairt inchothaithe limistéar an phlean forbartha le haghaidh tithíochta do dhaonra láithreach agus todhchaí an limistéir sa mhodh a leagfar amach sa straitéis."

Sonraíonn an tAcht, anuas air sin, nach mór do Straitéisí Tithíochta na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- An gá atá ann le tithíocht shóisialta agus is dócha a bheidh ann amach anseo;
- An gá lena chinntiú go mbíonn tithe ar fáil do dhaoine ag a bhfuil ioncaim éagsúla;
- An gá lena chinntiú go mbíonn meascán de chineálacha agus méideanna tí ann chun freastal ar riachtanais na gcatagóirí éagsúla teaghlaigh, lena n-áirítear riachtanais speisialta na seandaoine agus na ndaoine faoi mhíchumas; agus
- An gá le cur in aghaidh leithlisiú i dtithíocht idir daoine de chúlraí sóisialta éagsúla.

2.1.2 Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3), 2018

Uasdátú ábhartha le déanaí ar an reachtaíocht maidir le tithíocht sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3), 2018. Déantar foráil leis an Leasú go mbíonn athrú sealadach úsáide le haghaidh áitreabh tráchtála folamh áirithe chuig úsáid cónaithe díolmaithe ón ngá le cead pleanála a fháil.

2.1.3 Atógáil Éireann – Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, 2016

Cuireann Atógáil Éireann cur chuige ilsnáithe ar fáil go sonrach chun príomhchuspóirí tithíochta a bhaint amach, lena n-áirítear méadú suntasach a chur ar sholáthar na tithíochta sóisialta, méadú a chur ar líon na dtithe a thógtar roimh 2020, seirbhís a chur ar fáil do gach cineál tionachta, agus aghaidh a thabhairt ar easpa dídine. Leagann an plean cúig cholún amach a bhfuil sraith gníomhartha pleanáilte ina leith chun dul i ngleic leis an dúshláin atá ann mar gheall ar an earnáil tithíochta neamheagraithe in Éirinn, mar seo a leanas; 1. Aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, 2. dlús a chur faoi thógáil tithíochta sóisialta, 3. níos mó tithe a thógáil, 4. feabhas a chur ar an earnáil chíosa, agus 5. úsáid a bhaint as tithe atá ann.

Faoi bPlean Gníomhaíochta, méadaíodh soláthar tithíochta sóisialta ar diríodh air go dtí 47,000 aonad. Ina theannta sin, gheall an Plean Gníomhaíochta go dtacófar le ról feabhsaithe a bheith ag na tionscnaimh soláthair Tithíochta Sóisialta atá ann agus tugadh isteach roinnt tionscnamh agus scéimeanna nua, lena n-áirítear an Clár um Thógáil & Éadáil Údarás Áitiúil (ar a dtugtar freisin an Clár Infheistíochta i dTithíocht Shóisialta (CITS)), an Scéim Cúnamh Chaipitil (SCC), an Tionscnamh um Thithe Folmha a Athchóiriú agus a Léasú agus tuilleadh acmhainní chun méadú a chur ar Sholáthar Cuid V.

2.1.4 An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016

Soláthraíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, an bunús reachtach i dtaca le bearta a tugadh isteach mar chuid den bheartas Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine chun dlús a chur faoi

thógáil na bhforbairtí cónaithe ar mórsála. Baineann na "forbairtí tithíochta straitéiseacha" leas as mearphróiseas iarratais ina gcuirtear iarratais ar chead pleanála go díreach isteach chuig an mBord Pleanála. Tugadh an beart seo isteach faoi Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine d'fhonn an próiseas pleanála a chuíchóiriú agus dlús a chur faoi sholáthar na n-aonad nua tithíochta agus cóiríochta do mhic léinn.

2.1.5 An tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015

Tá athrú tagtha ar an gcomhthéacs reachtach maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne mar gheall ar an Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015, acht a leasaigh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. I measc na leasuithe, tá ceanglas ann go mbeidh suas go dtí 10% d'aonaid i bhforbairtí ina bhfuil níos mó ná 9 n-aonad ann ina n-aonaid tithíochta sóisialta.

Tugann sé isteach sraith beart freisin chun athghiniúint uirbeach a spreagadh, lena n-áirítear tobhach láithreán folamh a ghearradh chun athúsáid láithreán folamh agus tréigthe le haghaidh tithíochta agus athghiniúint uirbeach a dhreasú. Tugtar sainordú d'Údaráis Áitiúla clár láithreán folamh a choinneáil ar a bhfuil láithreáin a ngearrfar an tobhach sin orthu.

2.1.6 Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéisitheacha), 2009

Déanann Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéisitheacha), 2009, leasuithe ar na forálacha agus sínithe leis na forálacha faoi Achtanna na dTithe 1966 go 2004 chun creatlach straitéiseach a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla i dtaca le seirbhísí tithíochta a sholáthar agus a bhainistiú. Éilíonn sé sin ar Údaráis Áitiúla pleananna um sheirbhísí tithíochta a ghlacadh chun soláthar agus bainistiú na seirbhísí tithíochta i limistéir na nÚdarás Áitiúil a chlúdach, chomh maith le pleananna gnímh um easpa dídine agus straitéisí um iompraíocht fhrithshóisialta. Soláthraíonn sé bunús reachtach le haghaidh modhanna oibiachtúla chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas agus tacaíocht tithíochta sóisialta a leithdháileadh, modhanna a chuimsíonn méid teaghlaigh, ioncam teaghlaigh agus praghsanna tí agus cíosa i limistéar riarcháin an Údaráis Áitiúil. Cuireann an tAcht síneadh freisin leis an mbunús reachtach chun tithíocht shóisialta ar cíos a sholáthar trí mheán socruithe léasaithe nó conartha le tiarnaí talún príobháideacha.

2.1.7 Tionscadal Éireann 2040 – Creat Pleanála Náisiúnta

Is straitéis ardleibhéal é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) a rachaidh i bhfeidhm ar fhás agus forbairt in Éirinn go dtí an bhliain 2040. Soláthraíonn an CNP creat le haghaidh lonnaíochtaí reatha na hÉireann a forbairt ar bhealach inbhuanaithe, in áit an chuir chuige "cúrsaí mar atá" gan chomhordú i leith forbartha. Tá roinnt Cuspóirí Beartais Náisiúnta sa CNP a thacaíonn le forbairt cónaithe a sholáthar in áit chuí agus ar scála chun an sprioc fhioriomlán de 550,000 teaghlaigh breise ar fud na tíre faoi 2040 a bhaint amach.

Forbróidh gach Údarás Áitiúil Measúnú Éilimh ar Riachtanas Tithíochta (MÉRT) agus beidh sé mar bhonn agus mar thaca ag baint amach na gCuspóirí Beartais Náisiúnta ar leibhéal an Chontae. Déantar cur síos ar MÉRT mar "bunachar sonraí a ligean d'údaráis áitiúla cásanna éagsúla a shamhlú chun bonn eolais a chur faoi chinntí lárnacha i leith riachtanas agus éileamh tithíochta." Soláthroidh siad meastacháin fhadtéarmacha ar riachtanais tithíochta amach anseo chun tacú le Straitéisí Tithíochta a ullmhú agus eolas a dhéanamh do thorthaí beartais tithíochta.

Tacaíonn an CNP le tithe nua a sholáthar in áiteanna a d'fhéadfadh tacú le forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear tithe sóisialta nua a sholáthar chun riachtanais na ndaoine siúd nach féidir leo tithe a fháil murach sin a chomhlíonadh. Cuireann an CNP fainic orainn gan an soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú i gceantair ina bhfuil a lán tithe sóisialta faoi láthair agus molann sé go bhforbrófar comharsanachtaí éagsúla ina bhfuil cothromaíocht shláintíúil idir tithe poiblí agus tithe príobháideacha.

2.1.8 Treochlár Feidhmithe don Chreat Pleanála Náisiúnta

Tarraingíonn an Treochlár Feidhmithe don Chreat Náisiúnta Pleanála (lúil 2018) aird ar bhéim an Rialtais ar ailíniú idir beartas agus cleachtas pleanála náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Tugann sé aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le stádas dlíthiúil CNP agus soláthraíonn sé

réamh-mheastacháin daonra idirchréimhseacha don tréimhse suas go dtí 2031. Leagann sé amach freisin na meicníochtaí chun a chinntiú go mbeidh Pleananna Forbartha ag teacht leis an CNP agus an SRSE, tríd is tríd, sa tréimhse sé bliana go dtí 2026/2027.

2.1.9 Tionscadal Éireann 2040 – Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

Molann an Creat Pleanála Náisiúnta go gcruthófar gníomhaireacht nua bainistíochta talún. Bunófar an Ghníomhaireacht Náisiúnta Athghiniúna agus Forbartha seo chun obair a dhéanamh le húdaráis áitiúla, comhlactaí poiblí agus an pobal gnó, agus chun leas a bhaint as talamh poiblí mar spreagthóirí le haghaidh athghiniúna agus infheistíocht níos leithne.

Ó thaobh tithíocht shóisialta de, tacóidh an Plean Forbartha Náisiúnta, trí mheán infheistíocht chaipitiúil phleanáilte de os cionn €4.2 billiún, le thart ar 40,000 teach sóisialta nua a sheachadadh faoi 2021. Aithnítear na meicníochtaí seo a leanas mar na príomh-mheicníochtaí seachadta: tógáil dhíreach ag Údaráis Áitiúla, éadáil, tithe a bhí folamh roimh seo a athnuachan agus tógáil ag comhlactaí tithíochta. Faoi 2021, cuirfear 12,000 teach sóisialta ar fáil gach bliain ag Údaráis Áitiúla agus ag comhlactaí ceadaithe tithíochta le haghaidh tithíocht shóisialta. Coimeádfar an leibhéal seachadta sin ar feadh na tréimhse eile den Phlean Forbartha Náisiúnta, agus dá bharr sin comhlíonfar riachtanais tithíochta 112,000 teaghlaigh le teach sóisialta roimh 2027.

2.1.10 Tithíocht Uirbeach Inbhuanaithe: Caighdeán Dearaidh d'Árasáin Nua – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2018)

Maíonn na treoirlínte nach mór do Phleananna Forbartha Contae plé a dhéanamh ar an ngá leis an soláthar tithíochta a mhéadú ar bhealach inbhuanaithe agus an gá lena chinntiú go dtarlaíonn níos mó den fhorbairt tithíochta laistigh den timpeallacht thógtha atá ann. Maíonn siad chomh maith go soláthróidh Measúnú Éilimh ar Riachtanas Tithíochta (MÉRT) bonn fianaise láidir agus suas chun dáta d'údaráis áitiúla. Ar an mbealach sin, ligtear dóibh riachtanais shonracha tithíochta/árasáin (comhdhéanamh teaghlaigh san áireamh) laistigh dá limistéar

riaracháin a shocrú agus a phleanáil ar bhealach cuí, don tréimhse a chlúdaíonn a bplean forbartha reachtach.

2.1.11 An Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid 2018-2021

Foilsíodh an Straitéis Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid in 2018. Tacaíonn sé le Colún 5 d'Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, tugann sí tionscnaimh agus gníomhartha beartais ábhartha le chéile chun lón na dtithe folmha i soláthar tithíochta na hÉireann a laghdú agus a oiread is féidir tithe ar féidir cónaí iontu a úsáid arís. Chun tacú leis an gCuspóir Straitéiseach foriomlán sin a bhaint amach, leagann an Straitéis cúig phríomhchuspóir agus Príomhgníomhartha ábhartha:

- **Cuspóir 1:** Bunachair sonraí láidre, bheachta, chomhsheasmhacha agus cothrom le dáta maidir le tithe folmha a bhunú.
- **Cuspóir 2:** Bearta a thabhairt ar aghaidh chun a chinntiú, a mhéid is féidir, go gcuirfear ar ais in úsáid ionaid réadmhaoine faoi úinéireacht phríobháideach atá folamh agus nach mbaintear go leor úsáid astu.
- **Cuspóir 3:** Bearta a thabhairt ar aghaidh chun lón na dtithe folmha a thagann chun cinn sa Soláthar Tithíochta Sóisialta a íoslaghgdú.
- **Cuspóir 4:** Rannpháirtíocht leanúnach le príomhpháirtithe leasmhara, agus tacaíocht a sholáthar do phríomhpháirtithe leasmhara, lena chinntiú go bhfaighfear ionaid réadmhaoine folmha oiriúnacha atá sealbhaithe ag bainc, institiúidí airgeadais agus infheisteoirí lena n-úsáid mar thithíocht shóisialta.
- **Cuspóir 5:** Caidreamh trasearnála a chothú agus a forbairt, comhoibriú i gcomhpháirtíocht chun dul i ngleic le cúrsaí faoi thithe folmha.

2.1.12 Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020: Tacaíocht, Soláthar agus Athchóiriú

Glacadh leis an Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020: Tacaíocht, Soláthar agus Athchóiriú i Samhain 2014. Leagtar amach ann an creatlach maidir le tithíocht nua a sholáthar agus tithíocht shóisialta a mheas, a sholáthar agus a mhaoiniú. Is é fíos na Straitéise go mbeidh:

"fáil ag gach teaghlaigh in Éirinn ar thithíocht shlán, ardchaighdeáin a oirfidh dá riachtanais féin, ar phraghas réasúnta agus i bpobal inbhuanaithe"

Baineann sé sin le Contae Loch Garman agus, mar sin, is uaillmhian uileghabhálach na Straitéise Tithíochta sin. Tá an Straitéis Tithíochta Sóisialta bunaithe ar thrí cholún, mar seo a leanas:

- **Colún 1:** 35,000 aonad tithíochta sóisialta nua a chur ar fáil, thar thréimhse sé bliana, chun riachtanais bhreise ó thaobh soláthar tithíochta sóisialta d a chomhlíonadh, mar a chinnfidh an Gníomhaireacht Tithíochta⁵;
- **Colún 2:** Tacú le suas le 75,000 teaghlaigh trí earnáil chíosa phríobháideach a bheidh feabhsaithe; agus
- **Colún 3:** Athchóiriú a dhéanamh ar thacaíochtaí do thithíocht shóisialta d'fhoínn córas níos solúbtha agus níos sofhreagraí a chruthú.

Luann an Straitéis go leithdháilfear méid suntasach maoinithe Státhchiste chun a chinntiú go seachadfar na céimeanna luatha den Straitéis de réir na spriocanna. Is príomhghhné eile, d'fhoínn an fhís a fhíorú, é an ról feabhsaithe atá ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna).

2.1.13 Foirgníocht 2020: Straitéis maidir le hAthnuachan ar Earnáil na Foirgníochta

D'fhoilsigh an Rialtas Foirgníocht 2020 sa bhliain 2014 agus leagtar amach ann sraith beart mhionsonraithe agus faoi cheangal ama chun tacú le hearnáil foirgníochta na hÉireann dul ar ais ar leibhéal inmharthana. Is é an fhís go mbeidh earnáil foirgníochta atá iomaíoch, nuálach,

⁵ Mhéadaigh sé sin go dtí 47,000 aonad in Atógáil Éireann – Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, 2016

dinimiciúil, sábháilte agus inbhuanaithe ag Éirinn, earnáil a chuireann leis an ngeilleagar agus le cruthú fostáiochta mar is ceart di, atá bunaithe ar dheachleachtas, agus atá in ann an bonneagar eacnamaíoch agus sóisialta a sheachadadh atá ag teastáil uainn chun todhchaí Rathúil a thógáil.

2.1.14 An Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016

Leagtar amach sa Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011-2016, a ndearnadh é a athdhearnbhú faoi Atóigál Éireann, creatlach tionscnamh chun soláthar a dhéanamh do riachtanais tithíochta na dteaghlaigh leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste. Tá náoi n-aidhm straitéiseacha sa Straitéis, lena n-áirítear "comhionannas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar réimse iomlán roghanna tithíochta atá feiliúnach do riachtanas an duine aonair agus an teaghlaigh a chur chun cinn agus a phríomhshruití" agus "prótacail agus creatáí náisiúnta a fhorbairt i leith comhoibriú éifeachtach idirghníomhaireseachta, a éascóidh seachadadh duine-lárnach tithíochta agus seirbhísí bainteacha tacaíochta".

2.1.15 Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Aosú (2018)

D'fhoilsigh an Rialtas an ráiteas beartais seo in 2018. Leagtar amach ann na tosaíochta beartais náisiúnta maidir le riachtanais chóiríochta atá ag daonra na hÉireann a shásamh, daonra atá ag dul amach in aois. Molann sé go dtacaítear le riachtanais tithíochta na ndaoine scothaosta ach tithe agus áiteanna reatha a chur in oiriúint agus ach pleanáil a dhéanamh i leith seachadadh tithe amach anseo chun riachtanais a chomhlíonadh. Tugann sé faoi deara gur gá do Phleananna Forbartha Údaráis Áitiúil soláthar a dhéanamh do thithíocht inbhuanaithe chun riachtanais na saoránach go léir a shásamh agus go samhlaítear go mbeidh ról tábhachtach acu de réir mar a fhobraithe beartais eile maidir le tithe do dhaoine scothaosta.

2.1.16 Meamram maidir le Cláir Údaráis Áitiúil don Lucht Siúil a Uillmhú, a Ghlacadh agus a Chur i bhFeidhm, 2009

Cuireann an meamram comhairle agus treoirlínte ar fáil d'údaráis tithíochta maidir lena gcláir chóiríochta don lucht siúil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm faoi Acht na dTithe

(Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Clúdaíonn an meamram seo na forálacha éagsúla den Acht 1998 lena rialaitear dualgais an údaráis maidir le cláir chóiríochta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm agus maidir le nithe gaolmhara. Ceanglaíonn sé ar údaráis áitiúla cláir chóiríochta a ullmhú agus a ghlacadh chun riachtanais reatha agus mheasta atá ag an Lucht Siúil ina limistéir, agus cuspóirí forlíontacha a chur i bpleannanna forbartha.

2.2 Beartas Réigiúnach

2.2.1 Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta do Réigiún an Deiscirt

Tá sé mar aidhm ag Cuspóirí Beartais Réigiúnaigh don réigiún tacú le hÚdaráis Áitiúla agus iad ag cur Measúnuithe Élimh ar Riachtanas Tithíochta i gcrích mar a éilítéar faoin CNP agus soláthar a dhéanamh do raon éagsúil de chineálacha agus tionachtaí tithíochta. Chomh maith leis sin, tacaíonn sé le spriocanna a leagtar amach faoi Atóigáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, spriocanna "*a chuireann le dul chun cinn faoi na príomhcholúin, is iad sin aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, dlús a chur faoi thithíocht shóisialta, níos mó tithe a thógáil, feabhas a chur ar an earnáil cíosa agus leas a bhaint as an soláthar tithíochta atá inár réigiún cheana.*"

I dtaca le Contae Loch Garman, liostaíonn an SRSE Baile Loch Garman agus Guaire mar Phríomhbhailte ar an gConair Eacnamaíoch Thoir. Déantar cur síos ar a bhfeidhm mar spreagthóirí réigiúnacha féinchothabhálacha. Aithnítear Baile Loch Garman mar "*Lárionad Réigiúnach d'Oideachas, Miondíol, Sláinte agus seirbhísí poiblí.*" Tacaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 16 le forbairt thionsclaíoch, tráchtala agus cónaithe i mBaile Loch Garman agus le cothabháil agus forbairt a bhonneagair phoiblí agus a seirbhísí oideachais.

Luaitear Guaire mar ionad uirbeach atá lonnaithe in áit straitéiseach ar an gConair Eacnamaíoch Thoir, gur féidir rochtain a fháil air agus go bhfuil tionchar suntasach aige i gcomhthéacs fo-réigiúnach. Aithníonn Cuspóir Beartais Réigiúnaigh 25 gur fhás an baile ar bhealach seasta agus tacaíonn an cuspóir leis "*na riachtanais bhonneagair (oideachais, áineasa, shóisialta agus chultúrtha san áireamh) a aithnítear do Ghuaire a sholáthar chun go gcoinneofar suas le fás*

daonra". Aithníonn an SRSE suíomh Inis Córthaídhe ar an gConair Eacnamaíoch Thoir agus a fhorbairt mar Bhaile Cliste agus an ról atá ag Ros Mhic Thriúin mar Bhaile Cúlchríche do Limistéar Cathrach Phort Láirge agus a naisc láidre leis an gConair Eacnamaíochta Thoir.

2.3 Beartas Áitiúil

2.3.1 Plean Forbartha Contae Loch Garman 2021-2027

Léiríonn Plean Forbartha Contae Loch Garman 2021-2027 comhsheasmhacht leis na straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha agus soláthraíonn sé bonn fianaise soiléir chun talamh a choinneáil siar chun spriocanna tithíochta agus daonra a shásamh. Leagtar amach ann fíos le haghaidh Chontae Loch Garman, fíos a bhfuil aidhmeanna straitéiseacha mar bhonn agus mar thaca aici chun a chinntiú go mbainfear amach í.

Tá sé mar aidhm ag an bPlean Forbartha Contae forbairt a dhéanamh ar na straitéisí, beartais agus cuspóirí a bhí sa Phlean Forbartha Contae (2013-2019) roimhe seo, plean a ullmhaíodh tráth a raibh neamhchinnteacht ann ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta de mar gheall ar ghéarchéim dhomhanda agus náisiúnta. Tugann an próiseas athbhreithnithe agus ullmhú an Phlean aird ar threochtaí forbartha le déanaí agus ar fhorbairtí beartais náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil, agus aird faoi leith á tabhairt don gá atá ann tithíocht shóisialta a sholáthar i gContae Loch Garman.

2.3.2 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Loch Garman 2016-2021

I bpróifíl shocheacnamaíoch an Chontae i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Loch Garman 2016-2021, aithnítear an leibhéal ard spleáchais sa Chontae ar thacaíocht ón Stát le haghaidh tithíochta, an ráta ard forlíontaí ciosa agus tithe folmha mar ábhair imní. Tarraingíodh aird freisin ar líon na dteaghlaigh ar an Liosta Feithimh do Thithíocht Shóisialta (os cionn 2,000 ag an am). Leagadh amach sraith cuspóirí agus gníomhartha sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus chun Sprioc Ardleibhéal 2 a bhaint amach:

Sprioc Ardleibhéil 2 – 'Tacaíocht a thabhairt do phobail atá cuimsitheach go sóisialta agus inbhuanaithe i gContae Loch Garman, agus iad a chur chun cinn, agus cinnte a dhéanamh de go mbaineann gach duine leas as sláinte agus folláine atá chomh maith agus is féidir'.

Leagtar amach gníomh sonrach i gCuspóir Pobail Inbhuanaithe 2.1 maidir le Saoránacht Ghníomhach agus Pobail Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn, is é sin '*leanúint de sholáthar tithíochta a aithint agus pleanáil a dhéanamh ina leith chun riachtanas an chontae a chomhlíonadh*'.

Anuas air sin, tá na foghníomhartha seo a leanas ag baint leis sin:

1. Straitéis Tithíochta nua a ullmhú ina n-aithnítear riachtanais tithíochta i Loch Garman agus réitigh a mholadh chun na riachtanais sin a chomhlíonadh.
2. Cinnte a dhéanamh de go mbíonn beartais agus cuspóirí sa Straitéis Tithíochta, Pleananna Forbartha agus Pleananna Ceantair Áitiúil maidir le dearadh uilíoch, tithíocht saoil agus cineálacha measctha tithíochta.
3. A chinntíú go ndéanann forbairtí tithíochta a cheadaíonn nó a thógann an Chomhairle soláthar do dhearadh uilíoch, tithíocht saoil agus cineálacha measctha tithíochta.

2.3.3 Straitéis Aoisbhá Chontae Loch Garman 2017-2021

D'fhorbair Aoisbhá Éireann Straitéis Aoisbhá Chontae Loch Garman 2017-2021 tar éis comhairliúchán fairsing le seandaoine ar fud an chontae. D'fhone fíos fhoriomlán na Straitéise a bhaint amach,, is é sin '*áit iontach le dul in aois ann a dhéanamh de Chontae Loch Garman*', leagtar amach naoi dtéama agus tosaíochtaí lena mbaineann atá bunaithe ar Chlár Aoisbhá Éireann. Tá Téama 3 tiomanta do Thithíocht agus go sonrach don aidhm '*contanam níos saoráidí agus cuí de roghanna tithíochta a chur ar fáil do dhaoine breacaosta*'. I dtaca leis sin, iarrann an straitéis freagairt don rogha is fearr a chuir daoine breacaosta in iúl go láidir, is é sin fanacht ina dtithe féin chomh fada agus is féidir.

2.3.4 Clár Chomhairle Chontae Loch Garman um Chóiríocht do Thaistealaithe 2019-2024

Comhlíonann Clár Chomhairle Chontae Loch Garman um Chóiríocht do Thaistealaithe 2019-2024 na ceanglais faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Tá sé mar aidhm aige riachtanais chóiríochta an lucht siúil i Loch Garman laistigh den tréimhse cúig bliana go dtí 2024. Déanann an Clár soláthar do roghanna caighdeánacha tithíochta, chomh maith le cóiríocht atá go sonrach don lucht siúil, cosúil le láithreáin stad, láithreáin shealadacha/éigeandála agus tithe tuaithe aon uaire.

2.3.5 Plean Loch Garman um Thithe Folmha

Leagtar amach i Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Loch Garman um Thithe Folmha 2018-2021 pleannanna Chontae Loch Garman le laghdú a dhéanamh ar líon na dtithe folmha sa chontae. Aithníodh aghaidh a thabhairt ar líon na dtithe folmha mar phríomhthosaíocht don chomhairle ó thaobh tithe nua a sholáthar, athghiniúint uirbeach a spreagadh, dul i ngleic le meath uirbeach, comhtháthú pobail a chur chun cinn, agus aidhmeanna an chláir Atógáil Éireann a chomhlíonadh. Déanann an Straitéis scrúdú ar leibhéal na dtithe folmha atá ann sa chontae.

Leagtar amach ann freisin plean gníomhaíochta, lena n-áirítear bearta cosúil le Foireann Thiomnaithe um Thithe Folmha a bhunú, Oifigeach Tithe Folmha a cheapadh, tuilleadh anailís ar bhunachair sonraí maidir le tithe folmha a dhéanamh, bunachar sonraí maidir le tithe folmha a bhunú san áireamh, caidreamh a bhunú le pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara, agus úsáid na n-aonad tithíochta folmha a chur chun cinn trí scéimeanna éagsúla náisiúnta athúsáide agus trí cheannach éigeantach. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis 200 aonad sa bhréas a úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta faoi dhá scéim náisiúnta (an scéim um Thithe Folmha a Athchóiriú agus a Léasú agus an scéim um Cheannach agus Athnuachan) roimh 2021.

3 Comhthéacs Reatha

3.1 Réamheolas

Is túspointe tábhachtach in ullmhú na Straitéise Tithíochta é tuiscint láidir a fháil ar ghníomhaíocht le déanaí ó thaobh dhéimeagrafach Chontae Loch Garman agus ó thaobh an gheilleagair i gcoitinne de, mar tá nasc dlúth idir an daonra, fachtóirí geilleagracha agus tithíocht. Bíonn tionchar ag méadú ar dhaonra ar thithíocht mar cruthaíonn sé sin éileamh ar thithe. Os a choinne sin, bíonn tionchar ag infhaighteacht tithe ar phraghsanna tithe agus ar líon na ndaoine a bheadh sé d'acmhainne acu teach a cheannach agus ar líon na dteaghlaigh a d'fhéadfadh bogadh isteach i gceantar, rud a mbíonn tionchar aige ar an daonra iomlán.

Cuireann an chaibidil seo léargas ar fáil ar an daonra, ioncaim agus próifílí tithíochta atá ann i gContae Loch Garman. Tá an chuid is mó den fhaisnéis ó Dhaonáireamh 2016 (is é sin ón bPríomh-Oifig Staidrimh) mura luaitear a mhalairt. Ach ba cheart tabhairt faoi deara gur tugadh faoi anailís gheospásúil agus cionroinnt⁶ mar chuid den Straitéise Tithíochta seo a ullmhú chun a léiriú gur cuireadh Ceantar Bardasach Ros Láir leis ó bhí an Daonáireamh ann.

3.2 Próifíl Reatha Déimeagrafaíochta agus Shocheacnamaíoch

De réir Dhaonáireamh 2016, is ionann daonra na hÉireann agus 4,761,865 in Aibreán 2016, ar méadú 173,613 (3.8%) é ó Aibreán 2011. Bhí 200 lonnaíocht uirbeach ann ar fud na tíre agus, ar an iomlán, bhí 63% de dhaonra na hÉireann ina chónaí iontu.

In 2016, b'ionann daonra Loch Garman agus 149,722, mar a leagtar amach i dTábla 3.1. Léiríonn achoimre ghearr ar dhaonra Chontae Loch Garman gur tháinig méadú 43.4% (+43,351) ar a bhonn daonra thar 20 bliain (ó 1996 go dtí 2016), arb é sin an cúigiú ráta fáis is airde sa Stát. Ach tháinig laghdú ar an ráta fáis le blianta beaga anuas nuair a d'fhás an daonra 3.0% (4,402 duine breise) idir 2011 agus 2016 (POS, 2016). Bhí an ráta sin píosa beag faoi bhun an mheáin sa Stát, arb é sin 3.8%.

⁶ In 2019, rinneadh línte teorann na gCeantar Bardasach a athrú agus cuireadh cúigiú CB ar bun (CB Ros Láir). Chun an miondealú céatadánach ar na cúig CB a shocrú leis na sonraí ón POS, rinneadh anailís ar shonraí 2016 ón POS maidir le 'Toghranna' agus 'Ceantair Bheaga' agus déantar tuairisciú air sin anseo istigh.

Tábla 3.1: Daonra in 2016 (Foinse: POS, 2017⁷)

Daonra Iomlán in 2016	
An Stát	4,761,865
Contae Loch Garman	149,722
Ceantar Bardasach	
CB Inis Córthaidh	27,253
CB Ghuaire	44,076
CB Ros Mhic Thriúin	27,739
CB Ros Láir ⁶	20,801
CB Loch Garman	29,853
Príomhlonnaíochtaí	
Baile Ghuaire	9,822
Baile Inis Córthaidh	11,381
Baile Ros Mhic Thriúin ⁸	8,040
Baile Loch Garman	20,188

Tá na treochtaí daonra in áiteanna éagsúla ar fud Chontae Loch Garman difriúil le chéile. Tháinig méadú 11.8%, go dtí 2,666, ar na Toghcheantair Inis Córthaidh Uirbeach idir 2011 agus 2016. Taifeadadh méadú 4.2% i dToghcheantar Inis Córthaidh Tuaithe. Ar an gcaoi chéanna, lean daonra Ghuaire agus an cheantair máguaird ag fás. Tháinig méadú 11.6% agus 3.0% ar na Toghcheantair Ghuaire Tuaithe agus Ghuaire Uirbeach faoi seach. Os a choinne sin, tháinig laghdú 3.5% ar an daonra i dToghcheantar Ros Mhic Thriúin Uirbeach agus laghdú 1.7% ar an daonra i dToghcheantar Ros Mhic Thriúin (Tuath). Tháinig méadú beag de 2.0% ar Thoghcheantar Loch Garman (Uimh. 1 Uirbeach). Ach tháinig laghdú 0.9% agus 5.91% ar an daonra i dToghcheantar Loch Garman (Uimh. 2 Uirbeach) agus Toghcheantar Loch Garman (Uimh. 3 Uirbeach) faoi seach.

⁷ POS (2017) Staidreamh Daonra i gCeantar Bheaga ó Dhaonáireamh 2016. Ar fáil ó: <https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/census2016smallareapopulationstatistics/>

⁸ Nóta – Áirítear leis sin 260 duine i gContae Chill Chainnigh (Ros Bearrcon (Tuath)) sa chuid sin de Ros Mhic Thriúin atá i gCill Chainnigh; is ionann an sciar den bhaile ata i gContae Loch Garman agus 7,780.

Ar leibhéal an chontae, bhí Loch Garman ar cheann den lín beag contaetha inar tháinig méadú níos airde ar an daonra tuaithe ná mar a tháinig ar an daonra uirbeach. Tháinig méadú 2,260 ar an daonra tuaithe i Loch Garman. Tháinig méadú 2,142 duine ar dhaonra Loch Garman Uirbeach (gach lonnaíocht ag a bhfuil 1,500 duine nó níos mó, de réir na Príomh-Oifige Staidrimh). Ach d'fhás ceantair uirbeacha, i dtéarmaí coibhneasta, níos tapúla sa tréimhse sin (méadú 3.9% i gcomparáid le méadú ar an daonra de 2.5% i gceantair thuaithe).

Léiríonn Daonáireamh 2016 go bhfuil daonra na hÉireann ag éirí níos sine de réir a chéile ó na 1980idí. In 2016 bhí 37.2% de dhaonra na hÉireann 45 bliain d'aois nó os a chionn i gcomparáid le 34.4% in 2011 agus 27.6% in 1986. Bhí 13.4% de dhaonra an Stáit os cionn 65 in 2016. I Loch Garman, tá sciar an chontae atá os cionn 65 píosa beag níos airde ná an ráta náisiúnta – tá 14.6% den daonra sa ghrúpa sin.

Ó 2011, tháinig méadú 19.7% ar an ngrúpa sin, arbh é sin an deichiú ráta méadaithe ab airde sa Stát in 2016. Mar sin, is méadú mór ar an daonra níos sine ar fud an chontae é sin agus beidh éileamh níos airde ar sheirbhísí do sheandaoine ann dá bharr. Is ionann meánaois lucht cónaithe an Chontae agus 37.6 bliain. Tá sé cosúil leis an meánaois náisiúnta de 37.4. Tá 22% de dhaonra Chontae Loch Garman faoi bhun 14 bliana d'aois. Ar an iomlán, is ionann líon na leanaí atá in aois réamhscoile (0-4) i Loch Garman agus 10,327 (6.8%). Tá 18,305 (12.2%) in aois bhunscoile (5-12) agus tá 12,574 (8.3%) eile in aois mheánscoile (13-18). Tá na cóimheasa aoise is cleithiúnais don chontae le fáil i dTábla 3.2 agus Léaráid 3.1.

Léaráid 3.2: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais an Stáit agus Chontae Loch Garman⁹ (Foinse: POS, 2017⁷)

	0-14 bliana	15-64 bliana	Os cionn 65 bliain	Aos Óg (%)	Seandao ine (%)	Spleáchas iomlán (%)
An Stát	1,006,552	3,117,746	637,567	21%	13%	35%

⁹ Féadfar nach dtiocfaidh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánaithe.

Contae Loch Garman	32,952	94,785	21,085	22%	14%	36%
--------------------------	--------	--------	--------	-----	-----	-----

Tá anailís níos mionsonraithe ar an gcóimheas aois is cleithiúnais sna Ceantair Bhardasacha ar fáil i dTábla 3.3 agus Léaráid 3.2 – Léaráid 3.6. Tugann sé sin le fios go bhfuil an cóimheas aoise is cleithiúnais is airde ar fad ag CB Ros Láir mar gheall go bhfuil cóimheas chleithiúnas na seandaoine sa CB sin 2% os cionn an mheáin sa Chontae. Tá cóimheas chleithiúnas na ndaoine óga is airde i nGuaire, ar 24%, agus tá cóimheas chleithiúnas na seandaoine is ísle i nGuaire, ar 13%, atá 1% níos ísle ná an meán sa Chontae.

Tábla 3.3: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais do Cheantair Bhardasacha (Foinse: POS, 2017⁷)


	0-14 bliana	15-64 bliana	Os cionn 65 bliain	Cóimheas na n Daoine Óga (%)	Cóimheas na Seandaoine (%)	Cóimheas Cleithiúnais iomlán (%)
CB Inis Córthaidh	5,842	17,410	4,001	21%	15%	36%
CB Ghuaire	10,503	27,915	5,658	24%	13%	37%
CB Ros Mhic Thriúin	6,100	17,393	4,246	22%	15%	37%
CB Ros Láir	4,569	12,864	3,368	22%	16%	38%
CB Loch Garman	5,938	19,203	4,712	20%	16%	36%

Tá anailís níos mionsonraithe ar chóimheasa aoise is cleithiúnais do na ceithre phríomhbhaile i dTábla 3.4. Léiríonn sé sin go bhfuil an cóimheas cleithiúnais iomláine sna ceithre phríomhbhaile ag teacht le Contae Loch Garman agus leis an Stát, tríd is tríd. Tá


cóimheasa éagsúla ann ar fud an chontae, mar shampla tá cóimheas cleithiúnais na ndaoine óga i mBaile Ghuaire 3% os cionn an mheáin sa Chontae agus tá cóimheas na seandaoine 3% níos lú ná an meán sa Chontae. Tá an cóimheas aoise is cleithiúnais is airde ag Baile Loch Garman, is é sin 16%.

Tábla 3.4: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais do Phríomhbhailte (Foinse: POS, 2017⁷)


Príomh-Bhailte	0-14 bliana	15-64 bliana	Os cionn 65 bliain	Cóimheas na n Daoine Óga (%)	Cóimheas na Seandaoine (%)	Cóimheas Cleithiúnais Iomlán (%)
Loch Garman	3,785	13,108	3,295	19%	16%	35%
Guaire	2,489	6,272	1,061	25%	11%	36%
Inis Córthaidh	2,459	7,312	1,610	22%	14%	36%
Ros Mhic Thriúin	1,711	5,189	1,140	21%	14%	35%




Léaráid 3.1: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais Chontae Loch Garman (Foinse: POS, 2017⁷)




Léaráid 3.2: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais Cheantar Bardasach Loch Garman (Foinse: POS, 2017⁷)




Léaráid 3.3: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais Cheantar Bardasach Ghuaire (Foinse: POS, 2017⁷)



Léaráid 3.4: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais Cheantar Bardasach Inis Córthaídh (Foinse: POS, 2017⁷)



Léaráid 3.5: Cónimeasa Aoise is Cleithiúnais Cheantar Bardasach Ros Mhic Thriúin (Foinse: POS, 2017⁷)





Léaráid 3.6: Cóimheasa Aoise is Cleithiúnais Cheantar Bardasach Ros Láir (Foinse: POS, 2017¹⁰)



Tháinig feabhas beag ar leibhéal díothachta i gContae Loch Garman idir 2011-2016. Tá Loch Garman ar an gceathrú húdarás áitiúil is mó faoi mhíbhuntáiste sa tír, agus bhí sé ar an tríú húdarás áitiúil in 2011. Tá cónaí ar fhormhór dhaonra Loch Garman i gceantair a rangaítear mar ceantair atá 'Píosa Beag faoi bhun an Mheáin' (56% nó 84,039). Ina dhiaidh sin tá na ceantair atá 'Píosa Beag os cionn an Mheáin' (21.2% nó 31,703), ceantair atá 'Faoi Mhíbhuntáiste' (16.4% nó 24,612), ceantair atá 'Faoi Mhíbhuntáiste Mór' (4.4% nó 6,651) agus, ar deireadh, ceantair atá 'Saibhir' (1.8% nó 2,717).

Soláthraíonn Innéacs Díothachta HP Pobal 2016¹⁰ modh chun saibhreas nó míbhuntáiste coibhneasta i gceantar tíreolaíoch ar leith a thomhas ach sonraí a tiomsaíodh ó dhaonáirimh éagsúla a úsáid. Tugtar scór don cheantar bunaithe ar mheán náisiúnta de nialas agus téann sé ó thart ar -40 (ceantar is mó faoi mhíbhuntáiste) go dtí +40 (an ceantar is saibre). Tá an t-innéacs sin úsáideach mar tháscaire breathnaitheach ar inacmhainneacht i gContae Loch Garman. Tá léiriú ar an leibhéal díothachta sna ceithre phríomhbhaile (is iad sin Loch Garman, Inis Córthaidh, Guaire agus Ros Mhic Thriúin) i Léaráid 3.7 agus Léaráid 3.8. Tugtar faoi deara go bhfuil leibhéal díothachta go háirithe ard in Inis Córthaidh. Tá ceantar mór ar an taobh thoir theas de lár an bhaile a rangaítear mar cheantar atá 'faoi mhíbhuntáiste mór'. Tá leibhéal ard díothachta i Ros Mhic Thriúin laistigh de theorainn na lonnaíochta (ar an taobh thoir de lár an bhaile).

¹⁰ Haase agus Prastchke thar ceann Pobal (2017) – 2016 Innéacs Díothachta HP de réir Ceantar Beag. Ar fáil ó: <https://maps.pobal.ie/WebApps/DeprivationIndices/index.html>



Léaráid 3.7: Anailís Spásúil ar Dhíothacht do Loch Garman agus Inis Córthaídh (Foinse: Pobal, 2017¹⁰)



Léaráid 3.8: Anailís Spásúil ar Dhíothacht do Ghuaire agus Ros Mhic Thriúin (Foinse: Pobal, 2017¹⁰)

3.3. Ioncaim Indiúscartha Reatha

Is é ioncam indiúscartha an méid ioncaim atá ar fáil, tar éis cáin a bhaint de, lena chaitheamh agus lena shábháil. Is tomhas tábhachtach inacmhainneachta tithíochta i gceantar é, is é sin cumas teaghlaigh a theach féin a cheannach. Leagtar amach sna réamhshonraí is déanaí ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le hloncaim Contaetha agus OTI Réigiúnach in 2018 (foilsithe i bhFeabhra 2020¹¹) an meánioncam indiúscartha bliantúil ar leibhéal an Stáit, ar leibhéal Réigiúnach agus ar leibhéal Contae. B'ionann an meánioncam bliantúil indiúscartha i gContae Loch Garman agus €18,098. I gcomparáid leis sin, ba é an meánioncam bliantúil indiúscartha ar fud an Stáit €21,495 agus b'ionann é agus €18,735 ar an leibhéal Réigiúnach (Réigiún an Oirdheiscirt). Mar sin, is féidir a fheiceáil go bhfuil an meánioncam bliantúil indiúscartha i gContae Loch Garman faoi bhun an mheáin sa Stát (-15.8%) agus an mheáin sa réigiún (-3.4%).

B'ionann an meánioncam comhlán teaghlaigh sa Stát, mar a leagtar amach sa Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh 2015-2016¹² agus €1,099.70 in aghaidh na seachtaine nó €57,184.40 in aghaidh na bliana – i.e. ár mbonnlíne agus an bhliain chéanna leis an daonáireamh is déanaí. B'ionann an meánioncam indiúscartha teaghlaigh sa Stát sa tréimhse chéanna agus €911.55 in aghaidh na seachtaine nó €47,400.60 in aghaidh na bliana. B'ionann an t-ioncam teaghlaigh comhlán airmheánach i gContae Loch Garman agus €38,008.21 in aghaidh na bliana¹³. Tá ceann de na leibhéal teaghlaigh is airde a fhaigheann formhór a n-ioncaim ón bpínsean Stáit ag Contae Loch Garman (15.5% de gach teaghlaigh). Ar an gcaoi chéanna, tá ceann de na leibhéal teaghlaigh is airde aige a fhaigheann formhór a n-ioncaim ó thacaíochtaí leasa shóisialaigh aoise oibre (17.7% de gach teaghlaigh).

Ar fud na tíre, fuarthas beagnach 86% de mheánioncam comhlán na dteaghlaigh sa deicíl ioncaim is ísele ó thacaíochtaí sóisialta (pinsin san áireamh). Bhí céatadán de mheánioncam comhlán na dteaghlaigh a fuarthas ó thacaíochtaí sóisialta os cionn 50% suas go dtí an tríú deicíl agus an deicíl sin san áireamh. Bhí os cionn 39% de dhaoine sa deicíl ioncaim is ísele 65

¹¹ <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/cirgdp/countyincomesandregionalgdp2017/>

¹² <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-hbs/hbs20152016/hinc/>

¹³

<https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/pgpii/geographicalprofilesofincomeinireland2016/incomeinireland/>

bliaín d'aois nó níos sine, i gcomparáid le 3.5% sa deicíl is airde. Bhí beirt nó níos mó daoine ag tuilleadh ioncaim in 2016 i gceithre theaghlaigh as deich (42.3%) agus bhí an t-ioncam comhlán airmheánach teaghlaigh is airde ag teaghlaigh ina bhfuil triúr páistí, ba é sin €68,695 in aghaidh na bliana. Bhí an t-ioncam comhlán airmheánach is ísele ag teaghlaigh gan leanaí, ba é sin €40,495 in aghaidh na bliana. Tá tuilleadh eolais maidir le hioncam teaghlaigh i gContae Loch Garman leagtha amach i Mír 4.2.3.

3.4 Próifíl Tithíochta Reatha

3.4.1 Soláthar Tithíochta agus Tithe Folmha

De réir Dhaonáireamh 2016, bhí 68,206 teach i gContae Loch Garman. Is méadú beag é sin ar líon na dtithe in 2011, arbh é sin 68,143. B'ionann líon na n-aonad folmha i gContae Loch Garman in 2016 agus 5,918 (gan tithe saoire agus na háiteanna cónaithe sin a meastar go bhfuil a n-áititheoirí as láthair go sealadach a chur san áireamh).

Ní dhéanann na sonraí ó Dhaonáireamh 2011 idirdhealú idir catagóirí na dtithe folmha agus tugann siad le fios go raibh 15,563 áit cónaithe nach bhfuil cónaí inti in 2011. I gcodarsnacht leis sin, léiríonn na sonraí ó 2016 líon na n-áiteanna cónaithe atá folamh go sealadach, líon na dtithe saoire nach bhfuil cónaí iontu agus líon na n-áiteanna cónaithe folmha eile. Chun críocha comparáide, b'ionann líon na n-áiteanna cónaithe folmha sna trí chatagóir sin in 2016 agus 13,974. Mar sin, tháinig laghdú foriomlán de 1,589 ar líon na n-áiteanna cónaithe idir 2011 agus 2016. Tugann sé sin le fios go bhfuil an soláthar tithíochta foilmhe atá ann ag freastal ar chuid mhaith den éileamh méadaithe ar thithíocht sa chontae. Tá achoimre ar an eolas faoin soláthar tithíochta reatha ar leibhéal an Chontae ar fáil i dTábla 3.6.

Tábla 3.6: Soláthar Tithíochta agus Tithe Folmha Reatha i gContae Loch Garman (Foinse: POS, 2017¹⁴)

Contae	Soláthar tithíochta	Tithe saoire	As láthair go sealadach	Folamh	% Folamh ¹⁴
--------	---------------------	--------------	-------------------------	--------	------------------------

¹⁴ Tá ráta na dtithe folmha a chuirtear ar fáil bunaithe ar an gcatagóir POS 'Tithe Folmha Eile' mar chéatadán den soláthar tithíochta ionmlán agus cuireann sé tithe saoire folmha agus na tithe sin nach bhfuil daoine iontu go sealadach as an áireamh.

Loch Garman	68,206	6,629	1,427	5,918	8.7%
-------------	--------	-------	-------	-------	------

Tá miondealú ar an Soláthar Tithíochta agus rátaí tithe folmha i ngach ceann de na cúig Cheantar Bhardasacha, mar a leagtar amach i dTábla 3.7. Tugann sé sin le fios go bhfuil an céatadán is airde d'áiteanna cónaithe folmha sa Chontae i gCeantar Bardasach Ros Mhic Thriúin, is é sin 9.9%, atá 1.2% níos airde ná an meán sa chontae. Tá an ráta is ísle d'áiteanna cónaithe folmha i CB Ros Láir, ar 7.3%. Ach tá leibhéal tithe saoire go suntasach ard i CB Ros Láir. Tá beagnach 20% den soláthar tithíochta ionlán sa CB á úsáid mar thithe saoire. Cuir é sin i gcomparáid leis an dara céatadán is airde de thithe saoire i CB Ghuaire, ar 14%, agus is ionann an meán sa Chontae agus 9.7%.

Tábla 3.7: Soláthar Tithíochta agus Tithe Folmha Reatha ar Leibhéal na gCeantar Bardasach (Foinse: POS, 2017⁷)

Ceantar Bardasach	Soláthar tithíochta	Tithe saoire	As láthair go sealadach	Folamh	% Folamh ¹⁴
CB Inis Córthaidh	11,345	180	259	1,042	9.2%
CB Ghuaire	20,086	2,841	396	1,636	8.1%
CB Ros Mhic Thriúin	12,702	1,071	233	1,255	9.9%
CB Ros Láir	10,725	2,135	212	788	7.3%
CB Loch Garman	13,348	402	327	1,197	9.0%


Tá miondealú ar an Soláthar Tithíochta agus rátaí tithe folmha i ngach ceann de na ceithre phríomhbhaile leagtha amach i dTábla 3.8. Cé go bhfuil Ros Mhic Thriúin ar cheann de na ceithre phríomhbhaile i gContae Loch Garman agus gur bonn fostáiochta tábhachtacha é, tá ráta ard de thithe folmha ann. Is ionann an ráta agus 15.1% agus tá sé go maith os cionn an mheáin sa chontae, arb é sin 8.7%.

Tábla 3.8: Soláthar Tithíochta agus Tithe Folmha Reatha ar Leibhéal na bPríomhbhailte
(Foinse: POS, 2017⁷)

Príomh-Bhailte	Soláthar tithíochta	Tithe saoire	As láthair go sealadach	Folamh	% Folamh
Loch Garman	9,438	167	228	990	10.5%
Guaire	4,103	55	88	383	9.3%
Inis Córthaidh	5,053	39	124	562	11.1%
Ros Mhic Thriúin	3,946	22	79	596	15.1%

3.4.2 Comhdhéanamh Teaghlaigh

Luann Daonáireamh 2016 go bhfuil 54,289 teaghlaigh príobháideach ann¹⁵ i gContae Loch Garman, arb é sin méadú 1,637 ar an leibhéal a bhí ann in 2011. B'ionann meánmhéid na dteaghlaigh agus 2.73. Bhí sé sin píosa beag faoi bhun an mheáin náisiúnta de 2.75. Teach nó bungaló a bhí i 94% de na teaghlaigh i gContae Loch Garman, agus bhí cónaí ar 4.3% in árasáin in 2016, mar a leagtar amach i Léaráid 3.9.




Léaráid 3.9: Cineál Teaghlaigh Reatha i gContae Loch Garman (Foinse: POS, 2017⁷)

Ar an leibhéal náisiúnta, is árasáin iad 12% de na háiteanna cónaithe atá áitithe in Éirinn. Tugtar faoi deara sa CNP, cé go bhfuil sciar fhoriomlán na dteaghlaigh a chónaíonn in árasáin ag fás, go bhfuilimid fós go maith taobh thiar de mheáin Eorpacha ó thaobh líon agus sciar na dteaghlaigh a chónaíonn in árasáin, go háirithe inár gcathracha agus ár mbailte níos mó.

¹⁵ Teaghlaigh príobháideacha buana agus neamhbhuana san áireamh (carbhán agus cineálacha neamhbhuana eile)


Mar sin, luaitear sa CNP go gcaithfear úsáid níos mó a bhaint as árasáin, go háirithe i gcathracha na hÉireann, chun dul i ngleic leis an dúshlán atá ann ó thaobh riachtanais tithíochta ár ndaonra atá ag fás inár bpríomhcheantair uirbeacha a shásamh ar bhealach níos éifeachtaí.

Is é atá i gcohórt na méideanna teaghlaigh ná líon na ndaoine in aghaidh teaghlaigh. Ní raibh ach duine amháin nó beirt ag cónaí in os cionn leath (52.7%) de na teaghlaigh i gContae Loch Garman, mar a léirítear i Léaráid 3.10. Tá sé sin ag teacht le cohóirt náisiúnta na méideanna teaghlaigh, tríd is tríd. Tá 4 dhuine agus 5 dhuine nó os a chionn i 30.1% de na teaghlaigh sa Chontae.



Léaráid 3.10: Cohóirt Reatha na Méideanna Teaghlaigh i gContae Loch Garman (Foinse: POS, 2017⁷)

Ar leibhéal na gCeantar Bardasach, léiríonn Léaráid 3.11 go bhfuil an céatadán is airde de theaghlaigh 1 duine amháin agus teaghlaigh 2 dhuine lonnaithe i CB Loch Garman, ar 57%, agus bhí an céatadán is ísle (49%) i CB Ghuaire. Os a choinne sin, bhí an sciar is airde (34%) de teaghlaigh níos mó ina bhfuil 4 nó 5 dhuine i CB Ghuaire agus bhí an sciar is ísle (25%) i CB Loch Garman. Bhí leibhéal na dteaghlaigh 3 dhuine ag teacht le chéile sna 5 Cheantar Bhardasacha.



Léaráid 3.11: Cohóirt Reatha na Méideanna Teaghlaigh ar Leibhéal na gCeantar Bardasach (Foinse: POS, 2017⁷)

Léiríonn anailís ar chochóirt na méideanna teaghlaigh sna ceithre phríomhbhaile i gContae Loch Garman, mar a léirítear i Léaráid 3.12, go bhfuil leibhéal na dteaghlach 1 duine agus 2 dhuine cosúil lena chéile i mBaile Loch Garman (61%) agus i mBaile Ros Mhic Thriúin (60%) agus go bhfuil an sciar is ísle de theaghlaigh 4 dhuine agus 5 dhuine nó os a chionn acu freisin. Tá leibhéal na dteaghlach 4 dhuine agus 5 dhuine nó os a chionn go maith níos airde i mBaile Ghuaire (30%) ná sna príomhbhailte eile. Tá Inis Córthaigh sa dara háit (26%). Léiríonn sé sin go mbíonn níos mó teaghlaigh mór i dtuaisceart an Chontae.



Léaráid 3.12: Cohóirt Reatha na Méideanna Teaghlaigh i bPríomhlonnaíochtaí (Foinse: POS, 2017⁷)

3.4.3 Tionacht Teaghlaigh

Is é úinéireacht tí an tionacht is coitianta i gContae Loch Garman go fóill. Bhí 71.5% de theaghlaigh sa chatagóir sin in 2016. Tá 14.6% de theaghlaigh sa Chontae i dtithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach. Tithe sóisialta atá i thart ar 9.9% de theaghlaigh príobháideacha buana, ar méadú 1% é ar an leibhéal a bhí ann in 2011. Tá léiriú beacht ar thionacht tithíochta ar fud Chontae Loch Garman i dTábla 3.9.

Tábla 3.9: Tionachtaí Buana Teaghlaigh Phríobháidigh i gContae Loch Garman¹⁶ (Foinse: POS, 2017⁷)

	% Faoi úinéireacht	% Ar cíos (tithíocht shóisialta) ¹⁷	% Ar cíos (príobháideach)
--	--------------------	--	---------------------------

¹⁶ Tabhair faoi deara nach gcuimsíonn sé sin na teaghlaigh a rangaigh iad féin mar theaghlaigh saor ó chíos nó 'anaithnid' – Is ionann é sin agus thart ar 4% mar a dhéantar cur síos mion air i dTábla 3.12.

¹⁷ Is é seo an sciar a bhfuil áit chónaithe ar cíos acu ó údarás áitiúla nó ó chomhlacthaí deonacha. Ach ba cheart tabhairt faoi deara go bhféadfaí nach léireodh sé sin na daoine ar fad a bhfuil áit chónaithe ar cíos acu san earnáil shóisialta, mar d'fhéadfadh roinnt freagróirí ar an Daonáireamh iad féin a rangú mar dhaoine a bhfuil áit chónaithe acu ar cíos san earnáil phríobháideach má fhaigheann siad íCT.

Contae Loch Garman	71.5%	9.9%	14.6%
--------------------	-------	------	-------

Ar leibhéal na gCeantar Bardasach, tá na leibhéil is airde úinéireachta tí sa Chontae i CB Ros Láir (77%) agus CB Ghuaire (76%). Ina theannta sin, tá na leibhéil is ísle de thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach acu. Bhí 6% de theaghlaigh i dtithíocht den chineál sin, beagnach 4% faoi bhun mheán an Chontae. Bhí an sciar is airde de thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach i CB Inis Córthaidh (14%), atá 4% os cionn mheán an Chontae. Tá an sciar is airde (19%) de thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach i CB Loch Garman, atá thart ar 4.5% os cionn mheán an Chontae. Ní haon ionadh é sin mar tá an céatadán is airde de theaghlaigh 1 duine agus 2 dhuine i CB Loch Garman, ar grúpa é sin a bhaineann leas níos mó as tithíocht ar cíos. Tá miondealú céatadánach ar na tionachtaí tithíochta ar leibhéal na gCeantar Bardasach san áireamh i dTábla 3.10.

Tábla 3.10: Tionachtaí Buana Teaghlaigh Phríobháidigh i gCeantair Bhardasacha¹⁶ (Foinse: POS, 2017⁷)

Ceantair Bhardasacha	% Faoi úinéireacht	% Ar cíos (tithíocht shóisialta) ¹⁷	% Ar cíos (príobháideach)
CB Inis Córthaidh	67%	14%	15%
CB Ghuaire	76%	6%	14%
CB Ros Mhic Thriúin	72%	11%	13%
CB Ros Láir	77%	8%	11%
CB Loch Garman	66%	11%	19%

Tá miondealú ar thionachtaí teaghlaigh thar na ceithre phríomhbhaile ar fáil i dTábla 3.11. Leis sin, is féidir a fheiceáil go bhfuil an sciar is ísle de thithíocht ar cíos san earnáil phoiblí i mBaile Ghuaire (go díreach faoi bhun 13%), agus go bhfuil an sciar is airde de chóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach (24.8%). Tá an céatadán is ísle d'úinéireacht tí sna ceithre phríomhbhaile i mBaile Ros Mhic Thriúin (47.6%), agus tá na leibhéil is airde tithíochta sóisialta (22.9%) ann freisin. Tá sé sin níos airde ná an meán sa Chontae (13% níos airde). Is díol suntais é freisin go bhfuil sciar na tithíochta sóisialta ar cíos i CB Ros Mhic Thriúin ar

11%, mar a léirítear thus, leibhéal nach bhfuil ach píosa beag os cionn an mheáin sa Chontae. Tugann sé sin le fios go bhfuil dlús ard soláthair tithíochta sóisialta taobh istigh de theorann lonnaíochta Bhaile Ros Thriúin, mar tá an sciar i bhfad níos airde anseo ná mar atá ar fud an Cheantair Bhardasaigh.

Tábla 3.11: Tionachtaí Buana Teaghlaigh Phríobháidigh i i bPríomhbhailte¹⁶ (Foinse: POS, 2017¹⁷)

Príomh-Bhailte	% Faoi úinéireacht	% Ar cíos (tithíocht shóisialta) ^{17 18}	% Ar cíos (príobháideach)
Baile Loch Garman	59.8%	13.5%	23%
Guaire	58.8%	12.9%	24.8%
Inis Córthaidh	53.6%	20.9%	22.1%
Ros Mhic Thriúin	47.6%	22.9%	24.8%

Tá tuilleadh eolais maidir leis an miondealú céatadánach ar thionachtaí tithíochta sa Chontae, sna cúig Cheantar Bhardasacha agus sna ceithre phríomhbhaile leagtha amach i dTábla 3.12 agus Tábla 3.13. Tugann sé sin miondealú breise ar an eolas atá ar fáil i dTábla 3.9 – Tábla 3.11 ach tionachtaí teaghlaigh a bhriseadh síos ina gcineálacha áitíochta (is é sin úinéireacht phríobháideach le morgáiste agus gan mhorgáiste, cóiríocht tithíochta sóisialta arna soláthar ag an Údarás Áitiúil nó ag comhlacht deonach agus aonaid a átítear saor ó chíos).

¹⁷ Seo é an sciar a bhfuil áit chónaithe ar cíos acu ó údaráis áitiúla nó ó chomhlachtaí deonacha. Ach ba cheart tabhairt faoi deara go bhféadfáí nach léireodh sé sin na daoine ar fad a bhfuil áit chónaithe ar cíos acu san earnáil shóisialta, mar d'fhéadfadh roinnt freagróirí ar an Daonáireamh iad féin a rangú mar dhaoine a bhfuil áit chónaithe acu ar cíos san earnáil phríobháideach má fhaigheann siad íCT.

Tábla 3.12: Tionachtaí Buana Teaghlaigh Phríobháidigh de réir Cineál Áitíochta i gCeantair Bhardasacha (Foinse: POS, 2017⁷)

Ceantair Bhardasacha	Úinéir-áitithe le morgáiste	Úinéir-áitithe gan mhorgáiste	Ar cíos ó Thiarna Talún Príobháideach	Ar cíos ón Údarás Áitiúil	Ar cíos ó Chomhlacht Deonach	Áitithe saor ó chíos	Anaithnid	Iomlán
CB Inis Córthaidh	2,723	3,872	1,510	1,255	123	183	179	9,845
% na dTeaghlach	27.7%	39.3%	15.3%	12.7%	1.2%	1.9%	1.8%	100.0%
CB Ghuaire	5,426	6,019	2,107	896	68	319	314	15,149
% na dTeaghlach	35.8%	39.7%	13.9%	5.9%	0.4%	2.1%	2.1%	100.0%
CB Ros Mhic Thriúin	2,817	4,416	1,260	1,093	60	247	205	10,098
% na dTeaghlach	27.9%	43.7%	12.5%	10.8%	0.6%	2.4%	2.0%	100.0%
CB Ros Láir	2,337	3,447	836	555	39	193	125	7,532
% na dTeaghlach	31.0%	45.8%	11.1%	7.4%	0.5%	2.6%	1.7%	100.0%
CB Loch Garman	3,259	4,295	2,174	1,162	74	154	264	11,382
% na dTeaghlach	28.6%	37.7%	19.1%	10.2%	0.7%	1.4%	2.3%	100.0%
Contae Loch Garman	16,562	22,049	7,887	4,961	364	1,096	1,087	54,006
% na dTeaghlach	30.7%	40.8%	14.6%	9.2%	0.7%	2.0%	2.0%	100.0%

Tábla 3.13: Tionachtaí Buana Teaghlaigh Phríobháidigh de réir Cineál Áitíochta sna Príomhlonnaíochtaí (Foinse: POS, 2017⁷)

Príomhlonnaíochtaí	Úinéir-áitithe le morgáiste	Úinéir-áitithe gan mhorgáiste	Ar cíos ó Thiarna Talún Príobháideach	Ar cíos ón Údarás Áitiúil	Ar cíos ó Chomhlacht Deonach	Áitithe saor ó chíos	Anaithnid	Iomlán
Baile Loch Garman	1,988	2,809	1,846	1,014	69	87	213	8,026
% na dTeaghlach	24.8%	35.0%	23.0%	12.6%	0.9%	1.1%	2.7%	100.0%
Guaire	1,107	990	885	411	48	50	75	3,566
% na dTeaghlach	31.0%	27.8%	24.8%	11.5%	1.3%	1.4%	2.1%	100.0%
Inis Córthaidh	945	1,371	953	810	94	56	89	4,318
% na dTeaghlach	21.9%	31.8%	22.1%	18.8%	2.2%	1.3%	2.1%	100.0%
Ros Mhic Thriúin	617	925	804	691	51	43	106	3,237
% na dTeaghlach	19.1%	28.6%	24.8%	21.3%	1.6%	1.3%	3.3%	100.0%

3.4.4 Soláthar Tithíochta Sóisialta

I gcomhréir le hAlt 9 den Acht Tithíochta, 1988, éilítear ar údaráis tithíochta measúnú ar riachtanas tithíochta ina limistéar riachán a dhéanamh. Tugann an t-eolas is deireanaí ó Mheán Fómhair 2019 le fios go bhfuil 4,581 aonad tithíochta sóisialta faoi úinéireacht dhíreach Chomhairle Contae Loch Garman, mar a leagtar amach i dTábla 3.15.

Tábla 3.14: Soláthar Tithíochta Sóisialta faoi úinéireacht Chomhairle Contae Loch Garman i Meán Fómhair 2019

CB Loch Garman	CB Ros Mhic Thriúin	CB Inis Córthaidh	CB Ghuaire	CB Ros Láir	Iomlán an Chontae
1,152	1,005	1,063	779	582	4,581

Is mar seo a leanas na cineálacha eile soláthair tithíochta sóisialta taobh istigh de Chomhairle Contae Loch Garman amhail 31 Nollaig 2019:

- 458 ar Scéim Cóiríochta Cíosa nó Chláir Léasaithe
- 1,377 tionóntacht ghníomhach ÍCT

3.4.4.1 Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta – CCTanna

Soláthraíonn CCTanna tithíocht shóisialta freisin. Bunaítear iad chun riachtanas tithíochta a mhaolú agus tithíocht a sholáthar agus a bhainistiú. Bunaíonn bord bainistíochta deonach iad le dul chun tairbhe an phobail ina bhfuil siad bunaithe. Ceadaíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iad agus tugann sí maioniú dóibh. D'fhéadfadh comharchumainn tithíochta tithíocht shóisialta ar cíos agus tithíocht le ceannach a chur ar fáil.

Is é atá i gcomharchumainn tithíochta ná cumainn tithíochta féinchaíbharrach atá faoi chomhúinéireacht ball/úsáideoirí. D'fhéadfadh na tionscadail a dtugtar fúthu a bheith mar fhreagairt ar riachtanais daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine nó teaghlaigh gan dídean agus daoine singile ar ioncaim ísle. D'fhéadfaí roinnt cumann tithíochta a bhunú chun

speisialtóireacht a dhéanamh i riachtanas tithíochta ar leith a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh aidhmeanna níos ginearálta a bheith ag cumainn eile. Braithfidh na seirbhísí tithíochta sonracha a chuirtear ar fáil ar aidhmeanna nó ábhair imní na mball, ar riachtanais na dtionóntaí, agus ar na hacmhainní airgeadais agus eile atá ar fáil le haghaidh costais chaipitil agus costais reatha leanúnacha bhainistíochta.

Tá liosta na CCTanna atá gníomhach i gContae Loch Garman leagtha amach thíos agus tá líon na n-aonad amhail Nollaig 2019 leagtha amach i dTábla 3.16.

**Tábla 3.16: Comhlacthaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) Oibríochta i gContae Loch Garman
(Foinse: Comhairliúchán idir FAC agus na CCTanna sin i Nollaig 2019)**

Líon na CCTanna Oibríochta i gContae Loch Garman	Líon Aonad
Ard Aoibhinn	2
iCare Housing CLG	7
St. Aidan's Day Care Centre Gorey	5
Steer Housing	20
Focus Ireland	19
Rathangan Senior Citizens Housing Association	7
Slinua Housing Association CLG	4
Granstown Voluntary HA	24
Respond HA	237
Circle Voluntary HA	13
Co-Operative Housing Ireland	125
Camphill Communities of Ireland	30
Cluid Housing	185
Iomlán	678

I Nollaig 2019, d'eisigh RTPRÁ Ciorclán (Ciorclán faoi Thithíocht 40/2019) a d'ordaigh na húdaráis áitiúla ar fad tú a chur le 'Fóram Údarás Áitiúil agus Comhlacthaí Ceadaithe

Tithíochta maidir le Soláthar Tithíochta' a bhunú chun ionadaíocht a dhéanamh dá limistéar údaráis áitiúil. Eisíodh an ciorclán seo tar éis sraith imeachtaí comhairliúcháin a reáchtáil le húdaráis áitiúla agus CCTanna, chomh maith le plé mionsonraithe le Coiste Tithíochta agus Foirgníochta an CCMA agus Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta. Is é an cuspóir foriomlán go mbunóidh gach údarás áitiúil fóram CCT áitiúil chun páirt a thabhairt do CCTanna tábhachtacha atá gníomhach ina gceantar. Is iad na príomhcheisteanna a phléifear ag an bhfóram CCT:

- Prótacal maidir le caidreamh idir údaráis áitiúla agus CCTanna i dtaca le Soláthar Tithíochta a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna seachadta faoi Atógáil Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh agus deiseanna a aithint
- Prótacal a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm chun soláthar na seirbhísí tacaíochta breise atá ar fáil ó na CCTanna sin a oibríonn le teaghlaigh ag a bhfuil fadhbanna géire (easpa dídine, míchumas, srl) a chomhordú
- Monatóireacht a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar cheisteanna oibriúcháin, an próiseas leithdháilte, cíosanna a chomhaontú san áireamh
- Ceisteanna straitéisearcha nó náisiúnta nach mór teacht ar chomhaontú nó réitigh ina leith ar leibhéal na Roinne/CCMA a chur ar súile na Roinne/CCMA/fóram náisiúnta CCT.

3.4.4.2 Tithe Sóisialta Folmha

Tá 63 aonad tithíochta sóisialta folamh i gContae Loch Garman (Samhain 2019). Tá formhór na n-aonad folamh ag céimeanna éagsúla den phróiseas athligin, is iad sin cothabháil, faoi thairiscint, glactha, diúltaithe. Níl aon aonad tithíochta folamh go fadtéarmach.

3.4.6 Soláthar Talún Tithíochta

Leagtar amach sa Chroístraitéis na riachtanais chriosaithe do thréimhse an phlean, de réir Thábla 3.17 agus aithnítear ann líon na n-aonad a bheidh ar an talamh sin. Meastar go mbeidh go leor talún criosaithe sna lonnaíochtaí sin chun freastal a dhéanamh ar an daonra breise le linn thréimhse an phlean sin.

Tábla 3.17 Talamh Criosaithe mar Thalamh Cónaithe, mar a leagtar amach sa Chroístraitéis

Lonnaíocht	Heicteár	Dlús	Aonaid
Baile Loch Garman	96	25	2,410
Baile Ghuaire	40	25	998
Baile Inis Córthaidh	39	25	972
Baile Ros Mhic Thriúin	20	25	509
Baile Bhun Clóidí	4	25	96
Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin	3.4	25	85
Baile na Cúirte agus Séipéal na hAbhann	5.8	25	145

4 Tithíocht Amach Anseo: Riachtanas agus Soláthar Tithíochta Réamh-mheasta

4.1 Réamhrá

Leagtar amach sa chaibidil seo na hionchuir ábhartha dhéimeagrafacha, eacnamaíocha agus shóisialta agus meastar an daonra, teaghlaigh agus riachtanais bhainteacha réamh-mheasta i dtaca le teaghlaigh le linn thréimhse an phlean, mar a leagtar amach i Mír 1.3. Go sonrach, léiríonn an chaibidil seo conas a idirghníomhaíonn na factóirí éagsúla déimeagrafacha agus margaidh leis an measúnú ar riachtanais agus éilimh thithíochta amach anseo.

Tugadh faoin anailís do na ceithre phríomhbhaile, chomh maith leis na Ceantar Bhardasacha (CBanna). Mar sin, cuirtear an anailís ar fad sa chaibidil seo le linn thréimhse an phlean in iúl ar na leibhéal spásúla seo a leanas, mura sonraítear a mhalaire:

- Ceithre phríomhbhaile, is iad sin:
 - Baile Loch Garman;
 - Baile Ghuaire;
 - Baile Ros Mhic Thriúin; agus
 - Baile Inis Córthaidh.
- CB Ros Láir (is é sin an CB ar fad mar níl aon phríomhbaile ann);
- Fuílleach na gCeantar Bardasach (is é sin, an sciar sin de na CBanna gan na bailte thuasluaite a chur san áireamh) do na bailte seo a leanas:
 - Loch Garman;
 - Guaire;
 - Ros Mhic Thriúin; agus
 - Inis Córthaidh.

Más cuí, aithníodh an t-eolas do na blianta breise agus cuireadh in iúl iomláin don chontae chun tuiscint a fháil ar dhul chun cinn i gcomparáid leis an mbonnlíne (is é sin 2016). Tá sonraí breise maidir leis an anailís ar tugadh fúithi ar fáil in Aguisíní 1 – 8.

4.2 Príomhionchuir: Measúnú Inacmhainneachta agus MÉRT

4.2.1 Daonra Amach Anseo

Rinneadh scrúdú ar roinnt cásanna chun an daonra amach anseo a mheasadh ar na leibhéal spásúla ábhartha (is é sin, léirmhíniú chun críche na hanailíse seo). Rinneadh daonra Chontae Loch Garman amach anseo a réamh-mheas ach na spriocanna atá leagtha amach sa CNP go dtí 2040 a idirshuí. Rinneadh cur síos mionsonraithe air sin i Mír 3.8 de Chaibidil 3 sa Chroístraitéis. Leagtar amach an daonra réamh-mheasta le linn¹⁹ thréimhse an phlean i dTábla 4.1 agus cuirtear ar fáil an leibhéal ionnaíochta, blianta breise agus an méadú bliain ar bhliain in Agusín 1.

Tábla 4.1: Forléargas ar Dhaonra Réamh-mheasta le linn thréimhse an phlean¹⁹

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Baile Loch Garman	22,611	23,095	23,580	24,064	24,549	25,033	25,264
Baile Ghuaire	10,853	11,060	11,266	11,472	11,679	11,885	11,983
Baile Inis Córthaidh	12,405	12,610	12,815	13,020	13,225	13,430	13,527
Baile Ros Mhic Thriúin	8,480	8,620	8,760	8,900	9,040	9,180	9,247
CB Loch Garman (Fuílleach)	9,173	9,230	9,286	9,343	9,400	9,456	9,531
CB Ghuaire (Fuílleach)	35,211	35,403	35,594	35,786	35,977	36,169	36,433
CB Inis Córthaidh (Fuílleach)	16,337	16,430	16,523	16,616	16,709	16,802	16,930

¹⁹ Ba cheart tabhairt faoi deara gur slánaíodh na figiúirí seo ar fad chun críocha samhlaithe ón dtús chun aon deachúlú a bhaint maidir le daoine agus/nó teaghlaigh

CB Ros Mhic Thriúin (Fuílleach)	20,460	20,560	20,660	20,760	20,861	20,961	21,110
CB Ros Láir	22,330	22,481	22,631	22,782	22,933	23,084	23,275
Contae Loch Garman	157,861	159,488	161,115	162,743	164,372	166,000	167,300

4.2.2 Teaghlaigh Amach Anseo

Measadh líon réamh-mheasta na dteaghlaich tar éis an daonra réamh-mheasta a shocrú (is é sin, ba cheart breathnú air mar mheastachán seachas figiúr iarbhír). Tugann Daonáireamh 2016 le fios gurb ionann an meánmhéid teaghlaigh thar na 54,289 teaghlaich príobháideach i gContae Loch Garman agus 2.73, atá píosa beag níos ísle ná an meán sa Stát, arb é 2.75 é. Ach luann an CNP go gceaptar go laghdóidh an meán náisiúnta go 2.5 roimh 2040 agus aithníonn sé go mbíonn teaghlaigh uirbeacha níos lú ná sna bruachbhailte nó faoin tuath sa tír.

Mar sin, úsáideadh meánmhéid teaghlaigh laghdaithe (is é sin, réamh-mheastar go mbeidh an meánmhéid teaghlaigh 2.62 i ngach lonnaíocht ag deireadh thréimhse an phlean²⁰), cé is moite de Bhaile Loch Garman, Baile Inis Córthaidh agus Baile Ros Mhic Thriúin. Do na trí bhaile sin, coinníodh an meánmhéid céanna do na teaghlaigh is a bhí ann in 2016 (is é sin, 2.42 do Bhaile Loch Garman, 2.56 do Bhaile Inis Córthaidh agus 2.46 do Bhaile Ros Mhic Thriúin) ar na cúiseanna sin a leagtar amach i Mír 3.84 i gCaibidil 3 den Chroístraitéis. Rinneadh líon na dteaghlaich a mheasadh ach an meánmhéid teaghlaigh ábhartha a chur i bhfeidhm ar an daonra réamh-mheasta.

²⁰ Ba cheart tabhairt faoi deara go mbaineann an Meánmhéid Teaghlaigh le linn thréimhse an phlean agus ag deireadh an phlean leis an daonra iomlán in aghaidh teaghlaigh seachas an daonra i dteaghlaigh príobháideacha in aghaidh teaghlaigh príobháideacha mar a luadh maidir le Daonáireamh 2016, mar ní dhearnadh aon idirdhealú idir an daonra agus/nó teaghlaigh príobháideacha.

Aithnítear i dTábla 4.2 go gceaptar go dtiocfaidh méadú 5,571 teaghlaigh ar líon na dteaghlaich i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean. Tá sonraí breise ar leibhéal na lonnaíochta, do bhlianta breise, chomh maith le heolas a bhaineann le meánmhéid teaghlaigh, ar fáil in Agusín 2.

Tábla 4.2: Forléargas ar Líon Réamh-mheasta Teaghlaich le linn Thréimhse an phlean²¹

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Baile Loch Garman	9,343	9,544	9,744	9,944	10,144	10,345	10,440
Baile Ghuaire	4,062	4,152	4,242	4,332	4,423	4,515	4,566
Baile Inis Córthaidh	4,853	4,933	5,014	5,094	5,174	5,254	5,292
Baile Ros Mhic Thriúin	3,445	3,502	3,559	3,615	3,672	3,729	3,756
CB Loch Garman (Fuílleach)	3,325	3,372	3,421	3,471	3,521	3,572	3,631
CB Ghuaire (Fuílleach)	12,623	12,817	13,015	13,217	13,425	13,637	13,881
CB Inis Córthaidh (Fuílleach)	5,940	6,020	6,101	6,183	6,266	6,351	6,450
CB Ros Mhic Thriúin (Fuílleach)	7,423	7,519	7,617	7,716	7,817	7,920	8,043
CB Ros Láir	8,343	8,426	8,510	8,594	8,680	8,766	8,868
Contae Loch Garman	59,357	60,284	61,220	62,167	63,122	64,088	64,928

Aithnítear i dTábla 4.3 na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo le linn thréimhse an phlean agus leagtar amach in Agusín 2 tuilleadh eolais maidir le scaipeadh na dteaghlaich breise a bhfuiltear ag súil leo thar gach ceann de na deich ndeicíl ar na leibhéal spásúla ábhartha. Áirítear leis an gCroístraitéis na figiúirí daonra agus teaghlaigh ar fad idir 2016 agus deireadh thréimhse an phlean. Déanfar na blianta breise agus aonaid a thógtar a choigeartú nuair a bheidh pleannanna ceantair áitiúil á n-ullmhú.

²¹ Tabhair faoi deara gur slánaíodh na hionchuir ar fad a bhaineann leis an daonra agus le teaghlaigh le linn thréimhse an phlean sular cuireadh túis leis an samhlú chun go seachnófar neamhréireachtaí sna hiomláin

Tábla 4.3: Forléargas ar Líon Teaghlaigh Breise a bhFuiltear ag Súil Leo le linn Thréimhse an phlean

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
Baile Loch Garman	200	201	200	200	200	201	95
Baile Ghuaire	89	90	90	90	91	92	51
Baile Inis Córthaidh	80	80	81	80	80	80	38
Baile Ros Mhic Thriúin	57	57	57	56	57	57	27
CB Loch Garman (Fuílleach)	48	47	49	50	50	51	59
CB Ghuaire (Fuílleach)	190	194	198	202	208	212	244
CB Inis Córthaidh (Fuílleach)	78	80	81	82	83	85	99
CB Ros Mhic Thriúin (Fuílleach)	94	96	98	99	101	103	123
CB Ros Láir	82	83	84	84	86	86	102
Contae Loch Garman	918	928	938	943	956	967	838

4.2.3 Anailís ioncaim

Is é ioncam indiúscartha an méid ioncaim atá ar fáil, tar éis cáin a bhaint de, lena chaitheamh agus lena shábháil. Feidhmíonn sé mar thomhas tábhachtach chumas an teaghlaigh chun a dteach féin a cheannach (is é sin inacmhainneacht tithíochta). Rinneadh na hioncaim indiúscartha sheachtainiúla agus bhliantúla ar an leibhéal náisiúnta ó Shuirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh (ó 2015-2016) a choigearút go dtí leibhéal an chontae bunaithe ar an ráta "boilscithe/díbholscithe" a chur i bhfeidhm.

Níl eolas ar na leibhéis spásúla ábhartha ar fáil, mar sin rinneadh plé ar an eolas don chontae anseo istigh. B'ionann an Meánioncam Indiúscartha Blantúil do Chontae Loch Garman ó

Shuirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh agus €18,921, mar sin cuireadh i bhfeidhm²² díbhoilsceoir de 0.917 don chontae.

Rinneadh é a bhriseadh síos a thuilleadh i ndeich sciar ioncaim nó 'deicíl' chun sciar na dteaghlaach i Loch Garman i ngach deicíl le linn an tsuirbhé a léiriú. Léiríonn Tábla 4.4 gurbh ionann²³ an meánioncam indiúscartha bliantúil a bhí ag thart ar aon trian de na teaghlaigh i Loch Garman (is é sin na chéad trí dheicíl) in 2017 agus €22,565 i ndiaidh cánacha, nó thart ar €434 in aghaidh na seachtaine.

²² Is coigeartú é sin a dhéanann éascaíocht ar thábla dálte ioncaim a tháirgeadh bunaithe ar dháileadh na n-ioncam ar fud an chontae (nuair a choigeartaítear é de réir an díbhoilsceora contae, arb é sin 0.917 sa chás seo) a bheith cosúil leis an treocht náisiúnta.

²³ Is é sin, an chéad bliain tar éis bliain bhonnlíne an tSuirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh (2016) agus an díbhoilsceoir contae curtha i bhfeidhm air sin.

Tábla 4.4: Dáileadh na nloncam Seachtainiúil agus Bliantúil Indiúscartha Teaghlaigh i gContae Loch Garman (Foinse: POS, 2019²⁴)

Raon Ioncaim	Meánioncam Seachtainiúil Indiúscartha (Stát) (€) (2009-2010)	Meánioncam Seachtainiúil Indiúscartha (Stát) (€) (2015-2016)	Athrú Céatadáin ó 2009- 2010 go 2015- 2016	Athrú Céatadáin Measta ar Ioncam ó 2010 go 2016	Meánioncam Seachtainiúil Indiúscartha Coigearaithe (Stát) (€) (2017)	Céatadán na dTeaghlach i ngach Catagóir (Stát)	Meánioncam Bliantúil Indiúscartha (Stát) (€) (2017)	Díbhoilsceoir Chontae Loch Garman	Meánioncam Bliantúil Indiúscartha i Loch Garman (€) (2017)
1ú Deicíl	188.91	197.40	4.5%	0.90%	199.17	9.83%	10,357.06	0.917	9,495.40
2ú Deicíl	300.98	324.40	7.8%	1.56%	329.45	10.57%	17,131.32	0.917	15,706.06
3ú Deicíl	431.28	465.86	8.0%	1.60%	473.33	10.47%	24,613.19	0.917	22,565.47
4ú Deicíl	549.20	593.56	8.1%	1.62%	603.15	10.44%	31,363.73	0.917	28,754.39
5ú Deicíl	669.46	725.85	8.4%	1.68%	738.08	10.25%	38,380.05	0.917	35,186.99
6ú Deicíl	802.56	865.88	7.9%	1.58%	879.54	9.94%	45,736.24	0.917	41,931.17
7ú Deicíl	972.03	1,026.46	5.6%	1.12%	1,037.96	9.62%	53,973.69	0.917	49,483.29
8ú Deicíl	1,183.82	1,215.55	2.7%	0.54%	1,222.07	9.65%	63,547.44	0.917	58,260.54
9ú Deicíl	1,472.66	1,473.25	0.0%	0.01%	1,473.37	9.61%	76,615.14	0.917	70,241.06
10ú Deicíl	2,289.38	2,229.05	-2.6%	-0.53%	2,217.30	9.62%	115,299.70	0.917	105,707.22

²⁴ POS (2019) Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh – Ioncaim Contaetha agus OTI Réigiúnach do 2015-2016, de réir eisiúint staidrimh ón 3 Aibreán 2019. Ar fáil ó: <https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/cirgdp/countyincomesandregionalgdp2016/>

4.2.4 Ionchas Eacnamaíochta

Tá an geilleagar áitiúil agus réigiúnach an-tábhachtach ó thaobh riachtanais an mhargaidh tithíocha agus ioncam de, agus d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar éileamh agus soláthar. D'fhonn tuiscint a fháil ar an ionchas eacnamaíochta do Chontae Loch Garman, go háirithe maidir le conas a thiocfaidh athrú ar ioncaim theaghlaigh, rátaí fáis réamh-mheasta maidir le hOlltárgeacht Intíre (OTI) in imeacht ama. Rinneadh scrúdú ar na doiciméid seo a leanas chun tuiscint a fháil ar an bhfás OTI réamh-mheasta ar an leibhéal náisiúnta (mar níl eolas ar fáil ar na leibhéis spásúla ábhartha):

- Ráitheachán Eacnamaíochta a d'fhoilsigh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) i Nollaig 2019²⁵;
- Réamhaisnéis Eacnamaíochta Gheimhreadh 2019 arna foilsíú ag an Aontas Eorpach i bhFeabhra 2020²⁶;
- Feasachán Ráithe 1 2020 arna fhoilsíú ag Banc Ceannais na hÉireann i bhFeabhra 2020²⁷;
- Feasachán Eacnamaíochta Míosúil d'Fheabhra arna fhoilsíú ag an Roinn Airgeadais i Mártá 2020²⁸;
- Ráitheachán Eacnamaíochta arna fhoilsíú ag an ESRI i Mártá 2020²⁹;
- Feasachán Ráithe 2 2020 arna fhoilsíú ag Banc Ceannais na hÉireann in Aibreán 2020³⁰ ;
- An tEolas Is Deireanaí maidir leis an gClár Cobhsaíochta arna fhoilsíú ag an Roinn Airgeadais in Aibreán 2020³¹; agus
- Réamhaisnéis Eacnamaíochta Earrach 2020 arna fhoilsíú ag an Aontas Eorpach i mBealtaine 2020³²;

²⁵ <https://www.esri.ie/publications/quarterly-economic-commentary-winter-2019>

²⁶ https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-performance-and-forecasts/economic-forecasts/winter-2020-economic-forecast-offsetting-forces-confirm-subdued-growth_en

²⁷ <https://www.centralbank.ie/publication/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-q1-2020>

²⁸ <https://www.gov.ie/en/publication/414a9b-monthly-economic-bulletin-february-2020/>

²⁹ <https://www.esri.ie/publications/quarterly-economic-commentary-spring-2020>

³⁰ <https://www.centralbank.ie/publication/quarterly-bulletins/quarterly-bulletin-q2-2020>

³¹ <https://www.gov.ie/en/publication/43a6dd-stability-programme-update-2020/>

³² https://ec.europa.eu/info/business-economy-euro/economic-performance-and-forecasts/economic-forecasts/spring-2020-economic-forecast_en

- Páipéar Taighde Eacnamaíochta arna fhoilsíú ag Davys i mBealtaine 2020³³; agus
- Ráitheachán Eacnamaíochta arna fhoilsíú ag an ESRI i mBealtaine 2020³⁴.

Ba cheart tabhairt faoi deara gur ullmhaíodh an Straitéis sin le linn na paindéime COVID-19, atá ar siúl tráth a scríofa agus a fhoilsithe. Mar sin, tugadh tús áite d'fhoinsí sonraí a léiríonn tionchar na paindéime ina réamh-mheastacháin maidir le fás OTI amach anseo. Aithníonn na sé fhoinsí sonraí is deireanaí na tionchair eacnamaíochta a d'fhéadfadh an phaindéim COVID-19 a bheith aici, agus ullmhaíodh na doiciméid roimhe sin roimh an dúnadh agus roimh na bearta coraintíne a bhaineann leis an bpaindéim COVID-19 a chur i bhfeidhm. Mar sin, ceaptar go léiríonn na doiciméid ar fad fás eacnamaíoch stairiúil agus meastar nach gcuireann ach na sé cinn is deireanaí meastachán cruinn ar fhás eacnamaíoch amach anseo ar fáil.

Rinneadh scaipeadh na n-ioncam indiúscartha teaghlaigh don bhliain 2016 ó Shuirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh (mar a leagtar amach i Mír 4.2.3) a úsáid mar bhonnlíne agus a choigeartú don am atá le teacht. Mar sin, cuireadh na rátaí fáis OTI seo a leanas i bhfeidhm anseo istigh:

- **2017:** Fás OTI de 8.1%, atá leagtha amach ag an ESRI agus ag an gCoimisiún Eorpach;
- **2018:** Fás OTI de 8.2% atá leagtha amach ag an ESRI agus ag Banc Ceannais na hÉireann;
- **2019:** Fás OTI de 5.8%, arb é sin meán na meastachán ón ESRI, Banc Ceannais na hÉireann, ón AE agus ón Roinn Airgeadais
- **2020:** Fás OTI de -9.4% (is é sin cúngú an gheilleagair), arb é sin meán na meastachán geilleagrach a oibríodh amach bunaithe ar mheán na réamh-mheastachán ó Davys, an ESRI, an Banc Ceannais, an Roinn Airgeadais agus an tAontas Eorpach, réamh-mheastacháin a léiríonn tionchar leanúnach na paindéime COVID-19

³³ <https://static.rasset.ie/documents/news/2020/05/new-econ-forecast-may-27th.pdf>

³⁴ <https://www.esri.ie/publications/quarterly-economic-commentary-summer-2020>

- **2021:** Fás OTI de 6.4%, atá ag teacht leis na réamh-mheastacháin is déanaí ó Davys, an Roinn Airgeadais agus an tAontas Eorpach (is é sin, gan ach na bunachair sonraí don bhliain seo chugainn a léiríonn an phaindéim COVID-19 leanúnach a úsáid)
- **2022:** Fás OTI de 2.8%, atá ag teacht le réamhaisnéis na Roinne Airgeadais.
- **2023 -2024:** Fás OTI de 2.7%, atá ag teacht le réamhaisnéis na Roinne Airgeadais.
- **2025 agus ina dhiaidh sin:** Fás OTI de 2.5%, atá ag teacht le réamhaisnéis na Roinne Airgeadais.

Níor úsáideadh aon choigeartú eile do na meastacháin seo ar mheánioncam indiúscartha in aghaidh deicíle. Tá na príomhthorhtaí ón analís seo le fáil i dTábla 4.5 agus Tábla 4.6, ina leagtar amach meánioncaim bhliantúla agus mhíosúla indiúscartha teaghlaigh in aghaidh deicíle i gContae Loch Garman.

Tábla 4.5: Meánioncaim Bhliantúla Indiúscartha Teaghlaigh in aghaidh deicíle i gContae Loch Garman

Bliain	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
% Fás OTI		8.2%	5.8%	-9.4%	6.4%	2.8%	2.7%	2.7%	2.5%	2.5%	2.5%
1ú Deicíl	9,495	10,274	10,870	9,848	10,478	10,772	11,063	11,361	11,645	11,937	12,235
2ú Deicíl	15,706	16,994	17,980	16,290	17,332	17,817	18,298	18,792	19,262	19,744	20,237
3ú Deicíl	22,565	24,416	25,832	23,404	24,902	25,599	26,290	27,000	27,675	28,367	29,076
4ú Deicíl	28,754	31,112	32,917	29,823	31,731	32,620	33,500	34,405	35,265	36,147	37,050
5ú Deicíl	35,187	38,072	40,281	36,494	38,830	39,917	40,995	42,102	43,154	44,233	45,339
6ú Deicíl	41,931	45,370	48,001	43,489	46,272	47,568	48,852	50,171	51,425	52,711	54,029
7ú Deicíl	49,483	53,541	56,646	51,322	54,606	56,135	57,651	59,207	60,687	62,205	63,760
8ú Deicíl	58,261	63,038	66,694	60,425	64,292	66,092	67,877	69,709	71,452	73,238	75,069
9ú Deicíl	70,241	76,001	80,409	72,850	77,513	79,683	81,835	84,044	86,145	88,299	90,506
10ú Deicíl	105,707	114,375	121,009	109,634	99,329	102,110	104,867	107,698	110,391	113,150	115,979

Tábla 4.6: Meánioncaim Mhíosúla Indiúscartha Teaghlaigh in aghaidh deicíle i gContae Loch Garman

Bliain	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
% Fás OTI		8.2%	5.8%	-9.4%	6.4%	2.8%	2.7%	2.7%	2.5%	2.5%	2.5%
1ú Deicíl	791	856	906	821	873	898	922	947	970	995	1,020
2ú Deicíl	1,309	1,416	1,498	1,357	1,444	1,485	1,525	1,566	1,605	1,645	1,686
3ú Deicíl	1,880	2,035	2,153	1,950	2,075	2,133	2,191	2,250	2,306	2,364	2,423
4ú Deicíl	2,396	2,593	2,743	2,485	2,644	2,718	2,792	2,867	2,939	3,012	3,088
5ú Deicíl	2,932	3,173	3,357	3,041	3,236	3,326	3,416	3,508	3,596	3,686	3,778
6ú Deicíl	3,494	3,781	4,000	3,624	3,856	3,964	4,071	4,181	4,285	4,393	4,502
7ú Deicíl	4,124	4,462	4,721	4,277	4,551	4,678	4,804	4,934	5,057	5,184	5,313
8ú Deicíl	4,855	5,253	5,558	5,035	5,358	5,508	5,656	5,809	5,954	6,103	6,256
9ú Deicíl	5,853	6,333	6,701	6,071	6,459	6,640	6,820	7,004	7,179	7,358	7,542
10ú Deicíl	8,809	9,531	10,084	9,136	8,277	8,509	8,739	8,975	9,199	9,429	9,665

4.2.5 Anailís Úinéireachta

Leagtar amach sa mhír seo an t-eolas cúlra maidir le treochtaí praghais tí sa mhargadh reatha ar na leibhéal spásúla ábhartha. Chun a chinntiú go bhfuil na sonraí is cothroime le dáta faoin margadh á n-úsáid, roghnaíodh 2019 mar an bhliain bhonnlíne agus measadh go dtugann idirbhirt réadmhaoine a taifeadadh ar an gClár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe le linn na bliana sin léargas cruinn chun tuiscint a fháil ar phraghsanna tí agus dáileadh na n-aonad titheóchta in aghaidh banda praghais. Leagtar amach i dTábla 4.7 na 1,562 idirbheart a rinneadh i gContae Loch Garman thar ocht mbanda praghais le linn 2019.

Tábla 4.7: Díolachán Tithe³⁵ i gContae Loch Garman le linn 2019 (Foinse: RPPR, 2020³⁶)

Praghais (€)	Líon Idirbheart	% den iomlán
0-100,000	242	15.5%
Riachtanais mhíchumais	100	115	48	92	30	529
Liúntas cíosa	102	162	105	172	72	1443
Morgáiste neamh-inbhuanaithe	15	7	6	25	14	43
Iomlán	426	556	257	519	207	1,965

Gan 2019 a áireamh, baineann aon eolas a leagtar amach anseo istigh le teorainneacha stairiúla na gCeantar Bardasach ar fad de réir Dhaonáireamh 2016. Anuas air sin, tugtar na boinn tuisceana seo a leanas faoi deara maidir leis na catagóirí sainriachtanas a úsáidtear mar chuid den analís seo:

- Baineann daoine breacaosta leo siúd atá 55 bliain d'aois nó níos sine le linn na bliana sin;
- Baineann míchumas leo siúd a dheimhníonn go bhfuil míchumas céadfach, fisiceach, meabhairshláinte, intleachtach nó míchumas de chineál éigin eile acu;

- Rátaí airgeadais dóibh siúd a fhógraíonn a riachtanais féin agus a mhaíonn nach bhfuil a morgáiste inmharthana, go bhfuil siad ag brath ar an bhforlónadh cíosa faoi láthair agus/nó ar chúiseanna airgeadais; agus
- Baineann Eile leo siúd a rangaíonn a riachtanas ar aon chuíis eile nach leagtar amach thuas.

Ba cheart tabhairt faoi deara nach raibh na sonraí do CB Ros Láir ar fáil roimh 2019 (mar bhí sé i CB Loch Garman). Mar sin, cuireadh as an áireamh é don anailís ina dhiaidh seo ar aghaidh agus tá achoimre ar na riachtanais i CB Ros Láir i rith 2019 ar fáil i dTábla 4.55 mar chomhthéacs.

Tábla 4.55: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta de réir Bunús Riachtanais i CB Ros Láir (i Lúnasa 2019)

Bunús Riachtanais	Liosta feithimh in 2019
Míchumas	14.5%
Gan Dídean	2.4%
Airgeadas	41.6%
Eile	41.6%
Daoine Breacaosta	23.2%

I gcás CB Loch Garman, bhí 1,470 duine ar an liosta feithimh bliantúil do thithíocht shóisialta in 2016. Laghdaigh an lín sin go 897 in 2017, 914 in 2018 agus 556 duine in 2019. Tá léargas ar lín agus sciar stáiriúil na sainchatagóirí riachtanais i CB Loch Garman ar fáil i dTábla 4.56.

Tábla 4.56: Riachtanas Tacaíochta Tithíocha Sóisialta de réir Bunús Riachtanais i CB Loch Garman

Catagóir Riachtanais	2016	2017	2018	2019	% Athrú ó 2016 go 2019
Míchumas	9.12%	14.72%	18.49%	20.68%	11.57%
Gan Dídean	1.43%	2.34%	4.81%	7.01%	5.59%
Airgeadas	75.37%	48.27%	47.48%	30.40%	-44.98%
Eile	14.08%	34.67%	29.21%	41.91%	27.82%
Daoine Breacaosta	14.00%	18.00%	25.00%	17.81%	3.81%

I gcás CB Ghuaire, bhí 1,024 duine ar an liosta feithimh bliantúil do thithíocht shóisialta in 2016. Laghdaigh an lín sin go 738 in 2017, 658 in 2018 agus 519 duine in 2019. Tá léargas ar lín agus sciar stáiriúil na sainchatagóirí riachtanais i CB Ghuaire ar fáil i dTábla 4.57.

Tábla 4.57: Riachtanas Tacaíochta Tithíocha Sóisialta de réir Bunús Riachtanais i CB Ghuaire

Catagóir Riachtanais	2016	2017	2018	2019	% Athrú ó 2016 go 2019
Míchumas	12.60%	18.70%	12.92%	17.73%	5.13%
Gan Dídean	2.05%	1.08%	2.89%	2.31%	0.26%
Airgeadas	64.06%	57.72%	48.48%	37.96%	-26.10%
Eile	21.29%	22.49%	35.71%	42.00%	20.71%
Daoine Breacaosta	14.00%	16.00%	21.00%	19.27%	5.27%

I gcás CB Inis Córthaidh., bhí 868 duine ar an liosta feithimh bliantúil do thithíocht shóisialta in 2016. Laghdaigh an lín sin go 671 in 2017, 620 in 2018 agus 426 duine in 2019. Tá léargas ar lín agus sciar stairiúil na sainghrúpaí riachtanais i CB Inis Córthaidh ar fáil i dTábla 4.58.

Tábla 4.58: Riachtanas Tacaíochta Tithíocha Sóisialta de réir Bunús Riachtanais i CB Inis

Córthaidh

Catagóir Riachtanais	2016	2017	2018	2019	% Athrú ó 2016 go 2019
Míchumas	10.48%	22.21%	23.06%	23.47%	12.99%
Gan Dídean	1.73%	1.49%	3.06%	0.94%	-0.79%
Airgeadas	68.43%	53.20%	36.94%	27.46%	-40.97%
Eile	19.35%	23.10%	36.94%	48.12%	28.77%
Daoine Breacaosta	14.00%	16.00%	25.00%	22.07%	8.07%

I gcás CB Ros Mhic Thriúin, bhí 725 duine ar an liosta feithimh bliantúil do thithíocht shóisialta in 2016. Laghdaigh an lín sin go 507 in 2017, 425 in 2018 agus 257 duine in 2019. Tá léargas ar lín agus sciar stairiúil na sainchatagóirí riachtanais i CB Ros Mhic Thriúin ar fáil i dTábla 4.59.

Tábla 4.59: Riachtanas Tacaíochta Tithíocha Sóisialta de réir Bunús Riachtanais i CB Ros Mhic

Thriúin

Catagóir Riachtanais	2016	2017	2018	2019	% Athrú ó 2016 go 2019
Míchumas	11.45%	21.70%	15.53%	18.68%	7.23%
Gan Dídean	1.93%	1.18%	1.41%	1.17%	-0.76%
Airgeadas	62.48%	53.25%	49.65%	43.19%	-19.29%
Eile	24.14%	23.87%	946.67%	36.96%	12.83%
Daoine Breacaosta	15.00%	18.00%	20.00%	36.58%	21.58%

5 Anailís ar Riachtanais Tithíochta i Loch Garman

5.1 Réamhrá

Leagtar amach sa chaibidil seo seo eolas sonrach a thugann achoimre ar chúrsaí mar atá maidir le tacaíocht tithíochta sóisialta a riarrann Comhairle Contae Loch Garman, chomh maith leis na sonraí is déanaí atá ann, modhanna soláthair agus spriocanna. Ina dhiaidh sin, tá achoimre ar na riachtanais ar leibhéal an chontae amach anseo (is é sin achoimre uileghabhálach ar an anailís a leagadh amach i Mír 4).

Déanann sé sin eolas d'fhorbairt na gcuspóirí beartais don Straitéis Tithíochta a cuireadh in iúl i Mír 6, mar tugann sé léiriú ar chúrsaí mar atá roimh na cuspóirí beartais a chur i bhfeidhm, chomh maith le léargas ginearálta ar na riachtanais a mheastar a bheidh ann maidir le tithíocht i gContae Loch Garman.

5.2 Riachtanais Reatha

5.2.1 Measúnú ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta

Thug Comhairle Contae Loch Garman faoin Anailís is déanaí ar Riachtanais Tacaíochta Tithíochta Sóisialta i gContae Loch Garman i Lúnasa 2019. Is é sin an t-eolas is déanaí mar cuireadh moill ar an suirbhé 2020 mar gheall ar COVID-19 agus, mar sin, ní raibh sé ar fáil le linn an Straitéis Tithíochta seo a ullmhú.d Mar sin, d'ainthin an t-eolas is déanaí a bhí ar fáil riachtanas tithíochta sóisialta de 1,965 aonad (gan iarratasóirí ar an liosta aistrithe san áireamh) laistigh de Chontae Loch Garman.

Leagtar amach i dTábla 5.1 líon na n-aonad tithíochta sóisialta atá ag teastáil chun na riachtanais reatha a chomhlíonadh thar gach CB i gContae Loch Garman. Mar sin, léiríonn Tábla 5.1 na sonraí is déanaí maidir leis an éileamh ar thithíocht shóisialta sna háiteanna sin (is é sin an Liosta Feithimh do Thithíocht Shóisialta) ar fud Chontae Loch Garman.

Tábla 5.1: Riachtanais Tacaíochta Tithíochta Sóisialta i gContae Loch Garman (Lúnasa 2019)

Céantar Bardasach	Líon na nAonad atá ag Teastáil
Loch Garman	556
Inis Córthaidh	426
Guaire	519
Ros Mhic Thriúin	257
Ros Láir	207
Iomlán	1,965

Rinne Comhairle Contae Loch Garman scrúdú ar riachtanais gach teaghlaigh ar an liosta agus aithníodh iad maidir le gach cineál aonaid ar leith. Tá sonraí maidir leis an riachtanas de réir cineál aonaid ar fud Chontae Loch Garman i dTábla 5.2 agus, tríd is tríd, tá i bhfad níos mó éilimh ar aonaid 1 agus 2 leaba, arb ionann é agus 70% den éileamh. Aithníonn Tábla 5.3 - Tábla 5.7 an t-éileamh de réir cineál aonaid i ngach CB.

Tábla 5.2: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta i gContae Loch Garman (Lúnasa 2019)

CB	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	5 Leaba
Loch Garman (Aonaid)	250	164	135	7	0
Loch Garman (%)	45%	30%	24%	1%	0.0%
Inis Córthaidh (Aonaid)	169	141	107	8	1
Inis Córthaidh (%)	40%	33%	25%	2%	0.1%
Guaire (Aonaid)	168	152	183	16	0
Guaire (%)	32%	30%	35%	3%	0.0%
Ros Mhic Thriúin (Aonaid)	110	75	68	3	1
Ros Mhic Thriúin (%)	43%	29%	27%	1%	0.1%
Ros Láir (Aonaid)	65	75	61	5	1
Ros Láir (%)	31%	36%	29%	3%	1%

Iomlán (Aonaid)	762	607	554	39	3
Iomlán (%)	39%	31%	28%	2%	0.1%

Tábla 5.3: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta de réir Cineál Aonaid i gContae Loch Garman (Lúnasa 2019)

Ceantar	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba
Baile an Bharúnaigh	5	3	5	
Droichead an Chaisleáin	8	8	7	1
Na Botha Fuara		1		1
Na Crosa Beaga	1	2		
Currach Cló	1	1	2	1
An Gleann	1		3	
Cill Liúráin	2			
An Scrín	1		1	
Baile Loch Garman	231	149	117	4
Iomlán	250	164	135	7

**Tábla 5.4: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta de réir Cineál Aonaid i CB Ghuaire,
(Lúnasa 2019)**

Ceantar	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba
Baile Uí Chonnmhaí	4	3	2	1
Baile Ghearóid	3	4	3	
Baile Uí Mhurúin	1	2	2	
An Abhainn Dubh	4	1	4	1
Buaille Mhaodhóg	1		2	
Cam Eolaing	4	2	4	
Baile an Chaisleáin				1
Cúil Ghréine	1	2	2	1
Áth an Chorráin		1		
Gleann Bhriain	2	2	1	
Baile Ghuaire	125	99	124	7
Ráithín Cuilinn		3	1	
Coill an Iarainn	3	1	2	1
Cill Éanach		1		
Cill Mhucraise	2	8	5	
Móin na gCaor	3	1	2	
Muine Moling	1	2	3	
An tAbhallort	2		1	
Maolán na nGabhar	3		2	1
Séipéal na hAbhann	6	14	19	2
An Bealach	3	6	4	1
Iomlán	168	152	183	16

Tábla 5.5: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta de réir Cineál Aonaid i CB Ros Mhic

Thriúin (Lúnasa 2019)

Céantar	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	5 Leaba
Maigh Arnaí	1	2			
Colmán	1	1			
Baile na Buaile			1		
Baile Uí Choileáin	5	2	1		
Baile Hac			2	1	
Baile Liam	2		1		
Ceann Poill	3	1	4		
Cluain an Róistigh	3	3	1		
Dún Canann	3	2	6		
Fiodh Ard	3	4	1		
Baile Ros Mhic Thriúin	89	57	46	2	1
An Bábhún Nua		1	2		
An Ghráinseach			1		
Ráth an Iúir			1		
Tulaigh Reacht		2	1		
Iomlán	110	75	68	3	1

**Tábla 5.6: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta de réir Cineál Aonaid i CB Inis Córthaidh.
(Lúnasa 2019)**

Ceantar	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	5 Leaba
Baile an Daingin	2	1		1	
Baile Uí Cheog	2	2			
Brí	3	2	1		
Bun Clóidí	8	11	11	1	
An Chéim		2			
Cloch Ámainn	2	1	1		
Cluain na nGall	1				
Baile Dháith	2	1	1		
Baile Inis Córthaidh	135	107	76	6	1
Fearna	11	10	12		
Cill Maisil	1		2		
Cill Téile		3	1		
Baile an Mharascaigh	1	1	2		
Tuaim Bhreacaí	1				
lomlán	169	141	107	8	1

Tábla 5.7: Riachtanas Tacaíochta Tithíochta Sóisialta de réir Cineál Aonaid i CB Ros Láir (Lúnasa 2019)

Ceantar	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	5 Leaba
Baile Uí Mhitigh	1				
Baile an Droichid	1	4	8	1	
Gráinseach lúir	1		1		
Banú	6	4	5	2	
Cluain Caoine		1	1		
Dún Chormaic	1	1	1		
Muileann Fúca	5	5	1		
Cill Fhionnóg	1	2	1		
An Chill Mhór	2	5	3		
Cé na Cille Móire	3	4	3		
Cill Ruáin	5	3	3		1
Oileán Mhuire	5	3			
Baile Mhúráin	3	3	4		
Baile an Phiarsaigh	1		1		
Calafort Ros Láir	8	13	7		
Trá Ros Láir	9	14	12		
Teach Munna	6	10	6	2	
Teach Gót	3	2	1		
Teach Moshagard		1	1		
Droichead Eoin	4		2		
Iomlán	65	75	61	5	1

5.2.2 Éileamh ar Thithíocht Shóisialta a Shásamh

5.2.2.1 Léargas Ginearálta

Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman dá riachtanais soláthair tithíochta sóisialta a chomhlíonadh trí mheascán de na scéimeanna soláthair atá ann. Faoi láthair, riarrann an Rannóg Tithíochta i gComhairle Contae Loch Garman tacaíocht tithíochta sóisialta i Loch Garman. Tá meicníochtaí ann sa chóras tithíochta sóisialta chun éileamh a shásamh agus tithíocht shóisialta a sheachadadh, mar a thugtar achoimre air thíos agus a dhéantar cur síos go mion air ina dhiaidh sin:

- Tionóntacht cíosa shóisialta in ionad réadmhaoine atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht an údaráis áitiúil.
- Tionóntacht in ionad réadmhaoine atá ar cíos nó ar léas ag an údarás áitiúil ó úinéir príobháideach.
- Tionóntacht cíosa shóisialta in ionad réadmhaoine atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht comhlachta ceadaithe tithíochta (CCT).
- Soláthraíonn Comhairle Contae Loch Garman cóiríocht go sonrach don Lucht Siúil agus do dhaione a bhfuil riachtanais tithíochta sonracha acu, cosúil le daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine gan dídean srl.
- Tionóntacht trína socraíonn an t-údarás áitiúil léasanna gearrthéarma nó fadtéarma le tiarnaí talún príobháideacha d'ionaid réadmhaoine áirithe (is é sin, níl daoine nach bhfaigheann forlónadh cíosa le haghaidh 18 mí nó níos faide i dteideal iarratas a dhéanamh ar an gcineál cóiríochta sin).

5.2.2.2 Tionóntacht Cíosa Shóisialta ón Údarás Áitiúil agus/nó tríd an Údarás Áitiúil

Baineann sé sin le tionóntacht cíosa shóisialta in aon ionad réadmhaoine atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Chomhairle Contae Loch Garman nó, de rogha air sin, féadfar go mbainfidh sé sin le haon tionóntacht in ionad réadmhaoine atá faoi bhainistíocht Chomhairle

Contae Loch Garman nó atá ar léas aige ó úinéir réadmhaoine príobháidí. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- Tionscadail Tógála: Is tithíocht é sin a thóg Comhairle Contae Loch Garman go sonrach.
- Éadáil Portfóilió: D'fhéadfadh Comhairle Contae Loch Garman portfóilió oiriúnach d'ionaid réadmhaoine fholma a fháil ó institiúidí airgeadais agus ó infheisteoirí.
- Tógáil Lándéanta: Ceannaíonn Comhairle Contae Loch Garman teach/tithe nua ó fhorbróir, atá réidh le bogadh isteach ann/iontu.
- Scéim Cheannaigh ag Tionónataí: In Eanáir 2016, tháinig scéim nua maidir le tithe údarásí áitiúil reatha a cheannach i bhfeidhm – An Scéim Cheannaigh (Incrimintigh) ag Tionónataí 2016.
- Éadálacha: Seo nuair a cheannaíonn Comhairle Contae Loch Garman teach dara láimhe ar an margadh oscailte.
- Ceannach agus Athnuachan: Faoin scéim seo, is féidir le Comhairle Contae Loch Garman áiteanna cónaithe faoi bhun caighdeáin, atá folamh le bliain ar a laghad, a cheannach, a athchóiriú agus iad a chur ar ais i soláthar tithíochta na Comhairle. Ní sháróidh an costas ceannaigh móide an costas athchóirithe an luach a bheadh ar áit chónaithe den chineál céanna sa mhargadh príobháideach. Tá an tionscnamh seo, a chuireann go maith leis an Scéim Athchóirithe agus Léasaithe (atá dírithe ar úinéirí príobháideacha na n-áiteanna cónaithe folmha), deartha chun tacú le húdaráis áitiúla agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (CCTanna) leas a bhaint as acmhainneacht na cóiríochta atá ann in áiteanna cónaithe áirithe ó thaobh iad a úsáid mar thithíocht shóisialta de.
- Tithíocht Shóisialta a Sholáthar faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú): Cé go mbeidh ról tábhachtach go fóill ag soláthar na tithíochta sóisialta tríd an meicníocht thraigisiúnta Cuid V maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar i gContae Loch Garman, is dócha go mbeidh cainéil soláthair eile le haghaidh tithíocht shóisialta níos tábhactaí ó thaobh an cumas atá acu cur leis na spriocanna tithíochta sóisialta atá leagtha amach. Tháinig athrú ar an gcomhthéacs reachtach maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne nuair a ritheadh an tAcht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015. Áirítear leis na leasuithe go mbeidh ceanglas ann suas go dtí 10% tithíocht shóisialta a sholáthar i

bhforbairtí ina bhfuil níos mó ná naoi n-aonad iontu. Ní cheadaítear íocaíochtaí airgid thirim a úsáid in ionad tithíochta sóisialta a sholáthar a thuilleadh. Déantar foráil d'aistriú na n-aonad críochnaithe ar thalamh eile nach bhfuil faoi réir an cheada pleinála a chuirfear ar fáil. Déantar foráil freisin do chomhlíonadh na hoibleagáide Cuid V ag forbróirí trí ionaid réadmhaoine a léasú go fadtéarmach agus trí chomhaontuithe infhaighteachta cóiríochta cíosa.

5.2.2.3 Tionacht Cíosa Shóisialta ó CCT

Baineann sé sin le tionóntacht cíosa shóisialta in aon ionad réadmhaoine atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht CCT. Bunaíodh CCTanna chun riachtanas tithíochta a mhaolú, tithíocht a sholáthar agus a bhainistiú agus tithíocht shóisialta a sholáthar. Bunaíonn bord bainistíochta deonach iad le dul chun tairbhe an phobail ina bhfuil siad bunaithe. Ceadaíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil iad agus tugann sí maoliniú dóibh.

D'fhéadfadh comharchumainn tithíochta (is é sin CCTanna) tithíocht shóisialta ar cíos agus/nó tithíocht le ceannach a chur ar fáil. Is é atá i CCTanna ná cumainn tithíochta féinchabhrach atá faoi chomhúinéireacht ball/úsáideoirí. D'fhéadfadh na tionscadail a thugann CCTanna fúthu a bheith mar fhreagairt ar riachtanais daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, daoine nó teaghlaigh gan dídean agus daoine singile ar ioncaim ísle. Go sonrach, bunaíodh roinnt CCTanna chun speisialtóireacht a dhéanamh i riachtanas tithíochta ar leith a chomhlíonadh, agus d'fhéadfadh aidhmeanna níos ginearálta maidir le soláthar tithíochta sóisialta a bheith ag CCTanna eile. Braithfidh na seirbhísí tithíochta sonracha a chuireann an CCT ar fáil ar aidhmeanna nó ábhair imní na mball, ar riachtanais na dtionónaí, agus ar na hacmhainní airgeadais agus eile atá ar fáil le haghaidh costais chaipítíl agus costais reatha leanúnacha bhainistíochta. Amhail Nollaig 2019, soláthraíonn CCTanna i gContae Loch Garman 678 aonad cóiríochta ar leith agus tá tuilleadh sonraí maidir leis sin ar fáil i Mír 3.4.5.1.

5.2.2.4 Tacaíocht Sainsoláthair ó Chomhairle Contae Loch Garman

Soláthraíonn Comhairle Contae Loch Garman cóiríocht go sonrach do ghrúpaí aonair cosúil leis an Lucht Siúil agus do dhaoine a bhfuil riachtanais tithíochta sonracha acu, cosúil le daoine faoi mhíchumas agus daoine gan díean, mar a luadh i Mír 4.4.7. I measc na gclár soláthair reatha a dhéanann freagairt do riachtanais shonracha, tá an Clár um Athlonnú Teifeach agus an Plean um Chóiríocht do Thaistealaithe.

Faoin gClár um Athlonnú Teifeach, athlonnaíodh 213 duine agus tugadh tithíocht shóisialta dóibh i gContae Loch Garman le linn 2017 - 2019. Anuas air sin, athlonnaíodh teaghlaigh ina bhfuil ceathrar faoi Chlár Teifeach na Croise Deirge in 2018. Tá na teaghlaigh sin cuid de thart ar 4,000 duine ar gheall an Rialtas go nglacfar leo trí Chlár Cosanta Teifeach na hÉireann.

Leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman de bheith ag obair leis an Rialtas Láir agus le Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha chun freagairt a dhéanamh dá riachtanais le tacú le teifigh agus iad ag dul tríd an bpróiseas athlonnaithe i gContae Loch Garman.

Faoi fhorálacha Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998, éilítéar ar gach údarás áitiúil Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm chun riachtanais chóiríochta lucht siúil an chontae a chomhlíonadh. Leagtar amach i gClár Chontae Loch Garman um Chóiríocht do Thaistealaithe reatha an straitéis do chóiríocht agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil thar thréimhse cúig bliana ó 2019-2024.

I Nollaig 2019, mar chuid den Mheastachán Náisiúnta ar Thaistealaithe, tá 746 teaghlaigh den lucht siúil aitheanta i gContae Loch Garman, a bhfuil 627 díobh i gcóiríocht faoi láthair agus 119 díobh gan chóiríocht. Leagtar amach an cineál cóiríochta do na teaghlaigh sin den lucht siúil ag a bhfuil cóiríocht i dTábla 5.8, agus léirítéar miondealú orthu siúd gan chóiríocht i dTábla 5.9. Is féidir a fheiceáil go bhfuil riachtanais na cóiríochta don lucht siúil scaipthe go measartha cothrom ar fud na gCeantar Bardasach i gContae Loch Garman.

Tábla 5.8: Miondealú ar Chóiríocht do Thaistealaithe (de réir Teaghlaich) i gContae Loch

Garman in 2019

Cineál Cóiríochta	Inis Córthaidh	Ros Mhic Thriúin	Loch Garman	Guaire	Ros Láir	Iomlán
Gnáth-thithíocht Shóisialta Údaráis Áitiúil	40	52	44	33	19	188
Grúpthithíocht Údaráis Áitiúil	30	12	2	0	1	45
Tithíocht Chuidithe Phríobháideach Údaráis Áitiúil	16	9	3	3	1	32
Tithe Príobháideacha	80	75	20	21	20	216
Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	39	11	28	20	6	104
Tithíocht Dheonach	4	4	2	6	0	16
Láithreáin Stad Oifigiúla	6	7	0	0	0	13
Eile:	2	2	4	5	0	13
Iomlán na dTeaghlaich le Cóiríocht	217	172	103	88	47	627

Tábla 5.9: Miondealú ar Theaghlaigh Taistealaithe gan Chóiríocht i gContae Loch Garman in

2019

Cineál Cóiríochta	Inis Córthaidh	Ros Mhic Thriúin	Loch Garman	Guaire	Ros Láir	Iomlán

Ag roinnt le daoine muinteartha	18	9	6	17	5	55
Láithreáin Neamhúdaraithe	14	20	10	14	6	64
Láithreáin Neamhbhuana	0	0	0	0	0	0
Carbháin Cois Bóthair	0	0	0	0	0	0
Gan áit chónaithe sheasta	0	0	0	0	0	0
Iomlán na dTeaghlach gan Chóiríocht	32	29	16	31	11	119

Anuas air sin, tugadh faoi mheasúnú ar an riachtanas cóiríochta i Nollaig 2018 agus rinneadh é a nuashonrú i bhFeabhra 2019 (is é sin, roimh an suirbhé thuas). D'oibrigh an measúnú sin ar iarratasóirí a lorgaíonn tacaíocht chóiríochta go raibh 99 teaghlaigh den lucht siúil ceadaithe ag lorg cóiríochta ag an am. Tá miondealú ar an gcineál cóiríochta ab fhéarr leo leagtha amach i dTábla 5.10.

Tábla 5.10: Miondealú ar Theaghlaigh Taistealaithe gan Chóiríocht i gContae Loch Garman de réir Cineál Aonaid in 2019

CB	Líon Teaghlach	1 Leaba	2 Leaba	3 Leaba	4 Leaba	Grúpthithíocht do Thaistealaithe
Loch Garman	29	13	5	6	1	4
Guaire	19	2	4	9	4	0
Ros Mhic Thriúin	25	3	5	13	4	0
Inis Córthaidh	26	1	7	16	2	0
Iomlán	99	19	21	44	11	4

Is ionann an riachtanas réamh-mheasta sa Chlár Córíochta don Lucht Siúil agus 100 aonad. Má dháiltear é sin go cothrom, is ionann é sin agus sprioc bhliantúil de 20 teach in aghaidh na bliana le linn 2019 - 2024. Mar sin, meastar go bhfuil an sprioc bhliantúil de 20 aonad in aghaidh na bliana, mar a leagtar amach sa Chlár, oiriúnach lena húsáid chun críche na Straitéise Tithíochta seo. Ach pléifear é sin le linn an Clár a ullmhú agus a athbhreithniú le haghaidh 2024 agus ina dhiaidh sin, d'fhonn a chinntíú go gcuirfear san áireamh an t-eolas is déanaí maidir le riachtanais.

Chun go gcomhlíonfaidh Comhairle Contae Loch Garman riachtanais na dteaghlaach den lucht siúil nach bhfuil cóiríocht acu faoi láthair le linn shaolré an chláir seo, meastar gurb é an rogha is fearr ná na spriocanna sin a scaipeadh go cothrom thar thréimhse an phlean. Mar sin, úsáidfidh Comhairle Contae Loch Garman na cuir chuige sin, mar a dhéantar cur síos air anseo istigh, chun riachtanas cóiríochta na dteaghlaach sin ar fearr leo tithíocht shóisialta chaighdeánach.

5.2.2.5 Tacaíocht Údarás Áitiúil do Léasanna le Tiarnaí Talún Príobháideacha

Baineann sé sin le tionóntacht trína socraíonn an t-údarás áitiúil léasanna gearrthéarma nó fadtéarma le tiarnaí talún príobháideacha le haghaidh ionaid réadmhaoine áirithe. Go sonrach, baineann sé sin le daoine a fuair forlíonadh cíosa ar feadh 18 mí nó níos faide a meastar go bhfuil siad incháilithe le haghaidh iarratas a dhéanamh ar an gcineál cóiríochta sin ó Chomhairle Contae Loch Garman. Is féidir leo an tacáiocht sin a fháil tríd an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), an Scéim Córíochta Cíosa (SCC) nó tríd an Scéim Athchóirithe agus Léasaithe.

Is scéim é an ÍCT faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilgnéitheacha), 2014, do dhaoine a bhfuil riachtanas tithíochta fadtéarmach acu agus atá incháilithe le haghaidh tacáiocht tithíochta sóisialta. Riarann údarás tithíochta é agus cuirfear in ionad forlíonadh cíosa fadtéarmach é ar deireadh thiar thall (is é sin, an Scéim Córíochta Cíosa). Leis an scéim ÍCT, is féidir rochtain a fháil ar gach tacáiocht tithíochta sóisialta trí Chomhairle Contae Loch Garman (sa chás sin) chun cur ar chumas daoine fostáiocht lánaimseartha a fháil agus a dtacaíocht tithíochta a choinneáil ag an am céanna. Faoin scéim ÍCT, aimsíonn an t-iarratasóir tithíochta córíochta phríobháideach

ar cíos atá oiriúnach (taobh istigh de theorainneacha áirithe) agus íocann Comhairle Contae Loch Garman go díreach leis an tiarna talún, mar íocann an tionóna cíos leis an údarás áitiúil bunaithe ar an scéim cíosanna difreálacha.

Is tionscnamh é an SCC le freastal a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta daoine áirithe a fhaigheann forlónadh cíosa, de ghnáth ar feadh níos mó ná 18 mí. Rinneadh measúnú ar na daoine aonair sin agus measadh go raibh riachtanas tithíochta fadtéarmach acu. Mar sin, íocann Comhairle Contae Loch Garman go díreach leis na soláthraithe cóiríochta thar ceann an tionóna (arb é sin 92% den chíos margaidh ar a mhéad). Mar sin, baineann Comhairle Contae Loch Garman úsáid as an earnáil phríobháideach agus dheonach agus téann sí i mbun socrú conarthach leis an soláthraí chun cóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach a fháil go meántéarmach nó go fadtéarmach thar ceann an iarratasóra/an tionóna.

Thug 'Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine' scéim nua isteach, an Tionscnamh um Thithe Folmha a Athchóiriú agus a Léasú (is é sin Athchóiriú agus Léasú). Díríonn an scéim seo go díreach ar sholáthar na tithíochta sóisialta agus iarrann sí a chinntiú go n-úsáidfear an soláthar tithíochta a mhéid is mó is féidir. Is é bunús na scéime Athchóirithe agus Léasaithe maioniú a thabhairt d'oibreacha athchóirithe agus feabhsaithe ar ionaid réadmhaoine fholma oiriúnacha chun go mbeidh siad ar an gcaighdeán ceart le haghaidh cóiríocht ar cíos. Ansin, déanfar costas na n-oibreacha a bhaint ó íocaíochtaí léasa thar téarma léasa comhaontaithe.

5.2.3 Modhanna agus Spriocanna Soláthair

Táthar ag síul leis go leanfaidh Comhairle Contae Loch Garman dá soláthar tithíochta sóisialta a chomhlónadh (is é sin, mar a leagtar amach i Mír 5.2.1) trí mheascán de na scéimeanna reatha soláthair atá ann (a leagadh amach i Mír 5.2.2) agus trí scéimeanna eile atá ann nó a bunaíodh le déanaí agus trí mheicníochtaí a cuireadh i bhfeidhm. Rinneadh scrúdú ar na cainéil éagsúla soláthair Tithíochta Sóisialta i gContae Loch Garman agus ar a ndul chun cinn go dtí seo maidir

leis na spriocanna is déanaí a bhaint amach (is é sin, mar atá leagtha amach in Atóigál Éireann lean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, a foilsíodh in Iúil 2016).

Mar a leagadh amach i Mír 2.1, aithnítear in Atóigál Éireann na saincheisteanna maidir le soláthar agus inacmhainneacht in earnáil tithíochta na hÉireann agus soláthraítear leis cur chuige ilsnáithe chun príomhchuspóirí tithíochta suas go dtí 2021 a bhaint amach. Gealltar ann freisin go seachadfar 138,000 teach sóisialta sa bheiris le linn 2016-2021, lena n-áirítear 83,760 teach ÍCT, 3,800 teach SCC agus os cionn 50,000 teach nua (briste síos i 33,617 teach tógtha, 6,830 éadáil agus 10,036 léas).

Laistigh de Chontae Loch Garman, leagadh amach sprioc in Atóigál Éireann go soláthrófar 1,222 aonad i rith 2018 - 2021 trí mheán tógála, éadála agus léasaithe. Anuas air sin, socraíodh sprioc go soláthrófar 931 aonad sa bheiris thar gach sruth soláthair tithíochta sóisialta don bhliain 2019, mar a léirítear i dTábla 5.11.

Tábla 5.11: Spriocanna maidir le Tithíocht Shóisialta faoi Atóigál Éireann do Chontae Loch Garman

Spriocanna do 2018-2021	Spriocanna do 2019				
Tógáil, Éadáil agus Léasú	Tógáil	Éadáil	Léasú	ÍCT agus SCC	Gach sruth tithíochta sóisialta
1,222	252	51	50	578	931

Déantar monatóireacht rialta ar dhul chun cinn maidir le soláthar na n-aonad tithíochta sóisialta. Déantar é a dhoiciméadú mar chuid de nuashonruithe ráithiúla ón Roinn Tithíochta, Pleánala agus Rialtais Áitiúil. Baineann an t-eolas is deireanaí maidir le dul chun cinn leis an tréimhse go dtí deireadh 2019. Léiríonn sé sin gurbh ionann an táirgeacht iomlán in 2019 agus 858 aonad. Cialláonn sé sin gur baineadh amach 92% den sprioc don bhliain 2019. Leagtar

amach an t-eolas sin go mion i dTábla 5.12 agus is údar misnigh é maidir le dul chun cinn amach anseo.

Ar an iomlán, tá sé mar aidhm 1,222 aonad a fháil i gContae Loch Garman sa chatagóir 'tógáil, éadáil agus léasú' idir 2018-2021. Go dtí seo, seachadadh 858 aonad trí na meicníochtaí sin (is é sin idir 2018-2019) agus, mar sin, tá thart ar 364 aonad eile le soláthar idir 2020 agus 2021.

Mar a leagadh amach i Mír 5.2.1, bhí 1,965 teaghlaach ar an liosta feithimh do thithíocht shóisialta i gContae Loch Garman i Lúnasa 2019 (is é sin an t-eolas is déanaí atá ar fáil). Má bhaintear amach spriocanna Atógáil Éireann suas go dtí 2021, cuirfidh roinnt de na haonaid sin leis an riachtanas tithíochta sóisialta atá ann. Dá soláthrófaí gach ceann de na 1,222 aonad faoi 2021 agus dá dtabharfaí iad dóibh siúd atá ar an liosta, bheadh thart ar 743 teaghlaach fós ar an liosta. Beidh ar an Rannóg Tithíochta i gComhairle Contae Loch Garman freastal a dhéanamh ar na teaghlaigh sin dá réir, mar níor cuireadh na teaghlaigh sin san áireamh san analís i Mír 4. Déanann sé sin scrúdú ar teaghlaigh breise a thagann chun cinn le linn thréimhse an phlean amháin.

Tábla 5.12: Dul Chun Cinn a Rinne Comhairle Contae Loch Garman maidir le Spriocanna

Atógáil Éireann go dtí Ráithe 4 2019 (Foinse: Atógáil Éireann⁵³)

Tógáil	
Áiteanna Cónaithe Nuathóghtha ÚÁ ^[1]	80
Áiteanna Cónaithe Nuathóghtha CCT ^[2]	52
Cuid V - Áiteanna Cónaithe Nuathóghtha ^[3]	32
Iomlán na nÁiteanna Cónaithe Nuathóghtha	164
Tithe Folmha ÚÁ ^[8]	10
Iomlán	174
Éadáil	
Éadáil ÚÁ	33
Éadáil CCT	28
Iomlán	61
Eile	
Léasú ^[4]	43
Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC) ^[5]	7
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) ^[6]	573

⁵³ <https://rebuildingireland.ie/news/details-of-social-housing-delivery-on-a-local-authority-basis-for-2019/>

Iomlán	858 (92% den sprioc de 931)
--------	-----------------------------

1. Áirítear le hÁiteanna Cónaithe Nuathógtha ÚÁ aonaid a sholáthraítear trí Mhearthógáil, Tógáil Thraigisiúnta, Tógáil Lándéanta agus Athnuacha (tá sonrai ar fáil ón Tuarascáil Stádais ar Thógáil Tithe [7])
2. Áirítear le hÁiteanna Cónaithe Nuathógtha CCT an Scéim Cúnaimh Chaipitil agus Áiteanna Cónaithe Nuathógtha CALF (tá sonrai ar fáil sa Tuarascáil Stádais ar Thógáil Tithe [7])
3. Áirítear le hÁiteanna Cónaithe Nuathógtha Cuid V a sholáthraítear mar chuid de Thógáil ÚÁ agus Tógáil CCT
4. Sainmhínítear aonaid léasaithe nua mar líon na n-aonad léasaithe nua a sholáthraítear faoin scéim seo in aon tráth faoi leith. Tugadh léasú fadtéarma ar an gclár roimhe seo, go dtí 2014.
5. Scéim Cóiríochta Cíosa - Sainmhínítear aistrithe nua mar líon na dteaghlaigh a d'aistríogh ó Fhorlíonadh Cíosa go Scéim Cóiríochta Cíosa sa bhliain áirithe sin. Áirítear leis seo teaghlaigh a d'fhan sa chóiríocht a bhí siad inti agus agus teaghlaigh ar ghá don ÚÁ áiteanna cónaithe nua a fháil dóibh.
6. ÍCT - Déanann Teaghlaigh Nua a dTacaítear Leo tagairt do líon na dteaghlaigh cáilithe a bhfuil riachtanas tithíochta seanbhunaithe acu agus a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil dóibh faoin scéim ÍCT sa bhliain sin.
7. Tá an Tuarascáil Stádais ar Thógáil Tithe is déanaí ar fáil ó www.rebuildingireland.ie
8. Áirítear le Tithe Folmha ÚÁ 132 teach folamh os cionn na sprice maidir le tithe folmha faoi Atógáil Éireann do Ráithe 3 2019

5.3 Riachtanais Amach Anseo

Déanann an mhír seo achoimre ar na riachtanais tithíochta fhoriomlána do Chontae Loch Garman, agus aird á tabhairt don analís a rinneadh ar na leibhéal spásúla ábhartha mar a dhéantar cur síos mion air i Mír 4.

Idir 2021 agus 2027, tá méadú ar an daonra de 11,067 duine réamh-mheasta do Chontae Loch Garman. Tugann sé sin le fios go mbeidh an daonra iomlán i gContae Loch Garman 167,300 faoi 2027, mar a leagtar amach go mion i Mír 4.2.1 agus sa Chroístraitéis.

Leagann na spriocanna daonra do thréimhse an phlean seo sprioc iomlán tithíochta síos do Loch Garman de 6,488 teaghlaigh breise ó 2021 – 2027, arb ionann é sin agus 927 aonad in aghaidh na bliana ar fud Chontae Loch Garman le linn thréimhse an phlean. Dá bharr sin, beidh 46,482 teaghlaigh ar an iomlán i gContae Loch Garman faoi 2027 mar a dhéantar cur síos mion air i Mír 4.2.2 agus sa Chroístraitéis.

De réir Shamhail Lú agus mar a dhéantar cur síos air i Mír 4.3, is ionann riachtanas tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) laistigh de Chontae Loch Garman le linn thréimhse an phlean agus líon na ndaoine siúd nach bhfuil sé d'acmhainne acu teach a fháil sa bhanda praghais is ísle, mar a luaitear i Mír 4.3. Bunaithe ar na háirimh sin, socraíodh nach gcomhlíonfaidh 537 de na 6,488 teaghlaigh breise na critéir inacmhainneachta le haghaidh úinéireacht tí le linn thréimhse an phlean, arb ionann é sin agus 8.3% de na teaghlaigh breise ar fad i gContae Loch Garman ó 2021 - 2027. Is é sin an riachtanas tithíochta sóisialta (agus inacmhainne) a aithnítear do thréimhse an phlean a ndearnadh achoimre air i dTábla 5.13 agus Léaráid 5.1.

Tábla 5.13: Achoimre ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta (agus Inacmhainne) i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean⁵⁴

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Teaghlaigh Breise a bhFultear Ag Súil Leo	918	928	938	943	956	967	838	6,488
Riachtanas Tithíochta Sóisialta (agus Inacmhainne)	48	56	64	75	90	104	100	537
% (mar Iomlán de Theaghlaigh Breise a bhFultear Ag Súil Leo)	5.26%	5.99%	6.77%	7.93%	9.45%	10.76%	11.96%	8.3%



Léaráid 5.1: Achoimre ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta (agus Inacmhainne) i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean

⁵⁴ Féadfar nach dtiocfaidh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánaithe.

Tugadh faoi anailís bhreise chun na riachtanais MÉRT a léiriú mar a leagtar amach sa CNP agus a ndéantar cur síos mionsonraithe air i Mír 4.4. Dhírig an anailís ar na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo d'fhoinn scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe cosúil le Rialacha Bhanc Ceannais na hÉireann maidir le cáiliú do mhorgáiste, cíos san earnáil phríobháideach, chomh maith le comharthaí maidir le comhdhéanamh teaghlaigh, tionacht agus cineál áite cónaithe.

Socraíodh nach gcáileoidh **2,476 de na 6,488 teaghlaach breise a bhfuiltear ag súil leo** do mhorgáiste le linn thréimhse an phlean mar gheall ar Rialacha Bhanc Ceannais na hÉireann (féach Mír 4.4.1 le haghaidh tuilleadh eolais). Is ionann é sin agus 38.17% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo i gContae Loch Garman.

Cé go meastar nach gcomhlíonfaidh **2,141 de na 6,488 teaghlaach breise** na critéir inacmhainneachta le haghaidh cíos phríobháideach le linn thréimhse an phlean (Féach ar Mhír 4.4.2 le haghaidh tuilleadh eolais). Is ionann é sin agus 32.99% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo i gContae Loch Garman.

Leagadh amach é sin i dTábla 5.14 agus tá difríochtaí móra idir na leibhéal spásúla mar a dhéantar cur síos mion air i Mír 4.4.1 agus Mír 4.4.2 faoi seach. Ba cheart tabhairt faoi deara go ndearnadh scrúdú ar cháiliú morgáiste agus cíos príobháideach astu féin agus, mar sin, níor cheart iad a chur le chéile.

Tábla 5.14: Forléargas ar Cháiliú Morgáiste agus Inacmhainneacht Cíosa Phríobháidigh do Theaghlaigh Breise a bhFuitlear ag Súil Leo i gContae Loch Garman⁵⁵

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Teaghlaigh a bhFuitlear Ag Súil Leo Nach gCáillíonn do Mhorgáiste chun an tlonad Réadmhaoine Is Saoire a Cheannach	283	286	332	373	395	399	406	2,476
Teaghlaigh a bhFuitlear ag Súil Leo Nach bhFuil Sé d'Acmhainn Acu Cíos Príobháideach a íoc (bunaithe ar leithdháileadh éilimh RTB de réir Cineál Aonaid)	243	293	296	298	336	345	329	2,141

Ó thaobh comhdhéanamh teaghlaigh de, a ndearnadh cur síos mion air ar na leibhéal spásúla éagsúla i Mír 4.4.3, rinneadh na meastacháin seo a leanas a réamh-mheas do Chontae Loch Garman le linn thréimhse an phlean, mar a dhéantar cur síos air thíos agus i dTábla 5.15:

- Meastar gur teaghlaigh 1 duine iad 651 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 10.04% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo);
- Meastar gur teaghlaigh 2 dhuine iad 1,433 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 22.09% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo);
- Meastar gur teaghlaigh 3 dhuine iad 1,266 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 18.09% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo);

⁵⁵ Féadfar nach dtiocfaidh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánaithe.

- Meastar gur teaghlaigh 4 dhuine iad 1,645 de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo (is é sin 23.61% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo); agus
- Meastar gur teaghlaigh 5 dhuine nó os a chionn iad 1,532 de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo (is é sin 21.9% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo);

Tábla 5.15: Cohort Méide Teaghlaigh Réamh-mheasta le haghaidh Teaghlaigh Breise a bhFuiltear Ag Súil Leo i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean⁵⁶

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Teaghlaigh 1 duine	90	92	94	96	98	100	80	651
Teaghlaigh 2 dhuine	202	205	207	209	212	215	183	1,433
Teaghlaigh 3 dhuine	176	177	178	179	181	182	153	1,226
Teaghlaigh 4 dhuine	230	233	237	239	244	248	214	1,645
Teaghlaigh 5+ dhuine	221	221	221	220	221	222	206	1,532

Ó thaobh tionacht teaghlaigh de, a ndearnadh cur síos mion air ar na leibhéal spásúla éagsúla i Mír 4.4.4, rinneadh na meastacháin seo a leanas a réamh-mheas do Chontae Loch Garman le linn thréimhse an phlean, mar a dhéantar cur síos air thíos agus i dTábla 5.16:

- Meastar gur úinéirí áititheoirí iad 4,279 de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo (is é sin 65.95% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo);
- Meastar gur teaghlaigh san earnáil cíosa phríobháidigh iad 1,333 de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo (is é sin 20.55% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo); agus
- Meastar gur teaghlaigh san earnáil cíosa eile iad 876 de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo (is é sin 13.51% de na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo).

⁵⁶ Féadfar nach dtiocfaidh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánaithe.

Tábla 5.16: Tionacht Teaghlaigh Réamh-mheasta le haghaidh Teaghlaigh Breise a bhFuitlear Ag Súil Leo i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean⁵⁷

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Úinéir-áitithe	616	617	618	616	618	619	575	4,279
Cíos Príobháideach	178	184	191	197	205	212	166	1,333
Cíos Eile	124	127	129	130	133	136	97	876

Ó thaobh cineál áite cónaithe de, a ndearnadh cur síos mion air ar na leibhéal spásúla éagsúla i Mír 4.4.5, rinneadh na meastacháin seo a leanas a réamh-mheas do Chontae Loch Garman le linn thréimhse an phlean, mar a dhéantar cur síos air thíos agus i dTábla 5.17:

- Meastar gur teaghlaigh 1 seomra leapa iad 483 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 7.44% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo);
- Meastar gur teaghlaigh 2 sheomra leapa iad 2,016 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 31.08% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo);
- Meastar gur teaghlaigh 3 sheomra leapa iad 2,817 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 43.42% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo); agus
- Meastar gur teaghlaigh 4sheomra leapa nó os a chionn iad 1,172 de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo (is é sin 18.06% de na teaghlaigh breise a bhfuitlear ag súil leo).

Tábla 5.17: Cineál Áite Cónaithe Réamh-mheasta le haghaidh Teaghlaigh Breise a bhFuitlear Ag Súil Leo i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean⁵⁸

⁵⁷ Féadfar nach dtiocfaidh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánaithe.

⁵⁸ Féadfar nach dtiocfaidh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánaithe.

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
1 Leaba	70	71	71	71	72	73	54	483
2 Leaba	290	293	296	296	300	303	238	2,016
3 Leaba	395	400	405	407	413	418	378	2,817
4+ Leaba	162	164	166	168	171	173	168	1,172

I dtaca le Teaghais Aonair Tuaithe, a ndearnadh cur síos mion orthu i Mír 4.4.6, rinneadh scrúdú ar chéatadán is ísle (is é sin 13.8%) agus meánchéatadán (is é sin 39.5%) na n-aonad a deonaíodh agus cuireadh i bhfeidhm iad ar na teaghlaigh breise a bhfuiltear ag súil leo le linn thréimhse an phlean. In éagmias treorach ón RTPRÁ, tugadh faoi sin chun raon táscach de chéatadán na dteaghlach breise a chur ar fáil, céatadán a féadfar a mheas go mbeidh siad i dteaghais aonair tuaithe bunaithe ar threochtaí stáiriúla. Beidh sé sin faoi rogha Chomhairle Contae Loch Garman, bunaithe ar mhionsonraí aon iarratais ar leith, a shocrú cibé acu an ndeonófar pleánail d'aon teaghais aonair tuaithe nó nach ndeonófar.

Tábla 5.18: Réamh-mheastacháin Tháscacha do Theaghais Aonair Tuaithe i gContae Loch Garman le linn thréimhse an phlean

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Meastachán íosta do theaghais aonair tuaithe	120	122	123	124	125	127	110	851
Meastachán uasta do theaghais aonair tuaithe	363	367	371	373	378	382	331	2,565

6 Cuspóirí Beartais chun Straitéis Tithíochta a Sholáthar

Leagtar amach sa mhír seo dréachtbheartais chun riachtanais tithíochta do Chontae Loch Garman sa Straitéise Tithíochta seo a chomhlíonadh. Bainfidh na cuspóirí beartais seo le tréimhse iomlán an phlean, mura luatear a mhalaire.

Tábla 6.1: Cuspóirí Beartais don Straitéis Tithíochta

Is cuspóir Chomhairle Contae Loch Garman é:	
CB1	A chinntíú go ndéantar talamh leordhóthanach agus oriúnach a chriosú chun aidhmeanna na Croístraitéise a éascú agus a chur i bhfeidhm, chun forbairt inbhuanaithe a sholáthar, agus chun riachtanas tithíochta is dócha a bheidh ann sa Chontae, mar a aithnítear sa Straitéis Tithíochta, a chomhlíonadh
CB2	A cheangal go gcoinnítear 10% den talamh a chriosaítear le haghaidh úsáid cónaithe, nó le haghaidh meascáin d'úsáidí cónaithe agus úsáidí eile, i gcomhair tithíochta shóisialta agus inacmhainne i gcomhréir leis Acht um Athbheochan Uirbeach agus Tithe, 2015 agus leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), seachas na díolúintí dá ndéantar foráil leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) do na ceantair sin a aithnítear sa Phlean Forbartha seo mar cheantair a bhfuil rósholáthar tithíochta sóisialta atá ann.
CB3	A chinntíú go mbíonn tithíocht ar fáil chun riachtanais na ndaoine de gach leibhéal ioncaim agus riachtanais a shásamh, agus go bhfuil meascán cuí de chineálacha aonaid agus de thionachtaí atá curtha ar fáil in áiteanna cuí. Bainfear é sin amach i bpáirt trí chóiríocht tithíochta sóisialta agus inacmhainne a sholáthar trí mheán raon meicníochtaí soláthair, lena n-áirítear áiteanna cónaithe nuathógtha, éadálacha, tithe folmha a athchóiriú agus a fháil, léasú, agus tacaíochtaí tithíochta, SCC agus ÍCT san áireamh. Déanfar socrú chun go gcomhlíonfar riachtanais tithíochta na ndaoine siúd sa Chontae

	a bhfuil riachtanais speisialaithe acu, cosúil le daoine breacaosta, daoine faoi mhíchumas, agus daoine gan dídean.
CB4	A chinntíú go gcuireann roghnúchán na talún nó na n-aonad tithíochta lena gceannach nó lena bhfáil ar cíos ag an gComhairle, Cuid V san áireamh, in aghaidh leithlisiú míchuí ag daoine de chúlraí sóisialta éagsúla.
CB5	<p>Socrú a dhéanamh go gcomhlíonfar an riachtanas tithíochta sainaitheanta reatha sa Chontae ach tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar. Déanfaidh an Chomhairle dianiaracht chun 1,965 aonad tithíochta sóisialta thar thréimhse an phlean a sholáthar, go sonrach chun riachtanas reatha a shásamh, lena n-áireofar 1,222 teach nua a sholáthrófar faoi 2021 trí spriocanna agus meicníochtaí soláthair an chláir Atógáil Éireann. Soláthrófar 743 aonad sa bheiris chun riachtanais na ndaoine eile atá fágtha a shásamh, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil. Soláthrófar iad trí mheán na modhanna seo a leanas</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tionónachtáí a chuireann Comhairle Contae Loch Garman ar fáil go díreach; • Tionónachtáí a chuireann Comhlacht Ceadaithe Tithíochta ar fáil; • Sainchóiríocht don Lucht Siúil agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais tithíochta áirithe acu; agus • Tionónachtáí gearrthéarma agus fadtéarma a shocraíonn Comhairle Contae Loch Garman le tiarnaí talún príobháideacha. <p>Soláthrófar aonaid nua in áiteanna cuí agus tabharfaidh siad aird ar an riachtanas áitiúil mar a aithnítear sa MÉRT. Déanfaidh soláthar riachtanais tacaíochta aitheanta na dteaghlaigh a chur san áireamh, mar a leagtar amach sa MÉRT, agus áireofar leis meascán cuí de chineálacha aonaid agus dearadh chun na riachtanais sin a shásamh.</p>

CB6	<p>Tithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil chun riachtanas tithíochta réamh-mheasta thar thréimhse an phlean, mar a aithníodh sa MÉRT, a chomhlíonadh. Déanfaidh an Chomhairle dianiarachta chun 537 aonad tithíochta sóisialta agus inacmhainne sa bheis a sholáthar thar thréimhse an phlean chun riachtanas réamh-mheasta le linn thréimhse an phlean a chomhlíonadh. Soláthrófar é sin agus aird á tabhairt ar an miondealú áitiúil ar riachtanas réamh-mheasta a ndéantar cur síos air sa MÉRT. Tabharfaidh na haonaid nua a sholáthrófar aird ar aidhmeanna agus beartais na Croístraitéise, lena n-áirítear an gá le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus meascán cui de chineálacha tithíochta agus tionachtaí a sholáthar.</p>
CB7	<p>A chinntíú go mbeidh fás agus dlús níos airde sna Príomhbhailte, is iad sin Loch Garman agus Guaire, feiliúnach dá ról réigiúnach straitéiseach, faoi réir dealbh agus caighdeáin maidir le bainistíocht forbartha a chomhlíonadh.</p>
CB8	<p>Spriocanna céimnithe maidir le dlús a chur i bhfeidhm, mar a leagtar síos sa Chroístraitéis agus i bPleananna Ceantair Áitiúil, le haghaidh talamh criosaithe imbaile, agus aird á tabhairt ar a ról san Ordlathas Lonnaíochta agus ar a dtimpeallacht thógtha reatha. Cuirfear na meándlúis spriocdhírithe seo a leanas i bhfeidhm, mar a leagtar amach sa Chroístraitéis:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Leibhéal 1 – Príomhbhailte (Loch Garman agus Guaire): 25 aonad/heicteár; • Leibhéal 2 - Bailte Móra (Inis Córthaidh agus Ros Mhic Thriúin): 25 aonad/heicteár; • Leibhéal 3 – Lonnaíochtaí Sonracha: 25 aonad/heicteár i lonnaíochtaí criosaithe. Socrófar an dlús sna lonnaíochtaí eile ar an leibhéal seo trí thagairt do mhéid na lonnaíochta agus do na treoirdhlúis a leagtar amach i gCaibidil 6 de na Treoirlínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Treoirlínte Cónaithe Inbhuanaithe i gCeantair Uirbeacha (DELG, 2009) agus

	<ul style="list-style-type: none"> Leibhéal 4 - Sráidbhailte Móra: 12 aonad/heicteár <p>Ní bhaineann dlúis spriocdhírithe le lonnaíochtaí Leibhéal 5 agus Leibhéal 6⁵⁹.</p>
